Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2024

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

# Eacnamaíocht Bhaile–Eolaíoch agus Sóisialta

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Treoracha d'iarrthóirí

| | |
|---|---|
| **Roinn A** | 60 marc<br>Freagair **deich** gceist ar bith sa roinn seo.<br>Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist. |
| **Roinn B** | 180 marc<br>Freagair **Ceist 1** agus **dhá** cheist ar bith eile as an roinn seo.<br>Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1.<br>Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na ceisteanna 2, 3, 4 agus 5. |
| **Roinn C** | 40 nó 80 marc<br>Freagair ceist **amháin** ar ábhar roghnach **nó** Ceist 4 (croí-ábhar) lena n-áirítear **cuid (a)** agus **cuid (b) nó (c).**<br>Má chuir tú isteach obair chúrsa i *dTeicstílí, Faisean agus Dearadh* le haghaidh an scrúdaithe, ní chedmhach duit ach Ceist 2 as an roinn seo a fhreagairt. |

*Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt*

**Tábla na nGrád**

| Grád | Ábhar Roghnach 1, 3 agus C4 | Ábhar Roghnach 2 |
|---|---|---|
| 1 | 288-320 | 252-280 |
| 2 | 256-287 | 224-251 |
| 3 | 224-255 | 196-223 |
| 4 | 192-223 | 168-195 |
| 5 | 160-191 | 140-167 |
| 6 | 128-159 | 112-139 |
| 7 | 96-127 | 84-111 |
| 8 | ‹ 95 | ‹ 83 |

## Nóta mínithe-Eacnamaíocht Baile 2024

Ba cheart marcanna mínithe a chur gar don fhreagra ceart/ceart go páirteach. D'fhéadfadh athrú a bheith ann maidir le dathanna na nótaí mínithe.

| Nóta mínithe | Míniú |
|---|---|
| 0 | Náid bronnta |
| ✓ 1 | Marc **amháin** bronnta |
| ✓ 2 | **Dhá** mharc bronnta |
| ✓ 3 | **Trí** mharc bronnta |
| ✓ 4 | **Ceithre** mharc bronnta |
| ✓ 5 | **Cúig** mharc bronnta |
| ✓ 6 | **Sé** mharc bronnta |
| ✓ 7 | **Seacht** marc bronnta |
| ✓ 8 | **Ocht** marc bronnta |
| ⌇ | Leathanach bán |
| F | Marcanna iomlána bronnta don phointe breise |
| P | Cuid de marcanna bronnta don phointe breise |
| < | Pointe/obair nach ndearnadh iarracht air/uirthi |
| A | Marc lascaine |
| P1 | Bain marc **amháin** |

| | |
|---|---|
| **P2** | Bain **dhá** mharc |
| **P3** | Bain **trí** mharc |
| **P4** | Bain **ceithre** mharc |
| **P5** | Bain **cúig** mharc |
| **P6** | Bain **sé** mharc |
| **P7** | Bain **seacht** mharc |
| **P8** | Bain **ocht** mharc |
| **P9** | Bain **naoi** mharc |
| **P10** | Bain **deich** mharc |
| SMM | Scéim mharcála athraithe |

I Roinn C, iarrtar ar iarrthóirí ceist amháin a fhreagairt sa roinn seo Baineann Ceist C2 leis an ábhar roghnach Teicstílí, Faisean agus Dearadh. Nuair a a fhreagraíonn iarrthóir C2 agus ceist eile as C1, C3, nó C4, cuireann an scrúdaitheoir marc lascaine a i bhfeidhm ionas nach gcuirtear san áireamh i dtaca le hiomlán an pháipéir ach an marc is mó. Úsáidtear an nóta mínithe A chun a thabhairt le fios go bhfuil marc lascaine á chur i bhfeidhm. Mar shampla, chun marc lascaine -23 a chur i bhfeidhm chuirfeadh scrúdaitheoir an A, P10, P10, P3, chun -10 -10, -3 = iomlán -23 a chur i bhfeidhm.

# Roinn A

Freagair **deich gceist** ar bith as an roinn seo.
Tá 6 mharc ag gabháil le gach ceist.

**1.** Maidir le próitéin, mínigh dí-aimíniú.

**3 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

an próiseas ina n-úsáidtear **farasbarr** próitéine/aimínaigéad le haghaidh fuinnimh, a bhristear síos san ae; déantar an aimínghrúpa **($NH_2$)** a thiontú ina amóinia, agus ansin ina úiré agus déanann na duáin é a eisfhearadh mar fhuíolltáirge san fhual; déantar an grúpa carbocsaile **(COOH)** a ocsaídiú chun teas agus fuinneamh a tháirgeadh; srl.

**2.** Luaigh **dhá** fheidhm bhitheolaíochta atá ag Vitimín A.

**2 fheidhm @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

táirgeadh ródoipsine; craiceann sláintiúil a chaomhnú; cabhraíonn sé le fás; frithocsaídeach; cabhraíonn sé le imdhíonacht; seicní múcasacha sláintiúla; srl.

Sainaithin **dhá** fhoinse de Vitimín A sa réim bhia.

**2 phointe @ 1 mharc** (grádaithe 1:0)

cairéid; glasraí glasa duilleacha; trátaí; aibreoga; piobair dhearga; prátaí milse; iasc olúil; olaí ae éisc; feoil; scairteach; uibheacha; margairín; im; bainne; cáis; cnónna; srl.

**3.** Déan cur síos ar na cineálacha iarainn thíos agus tabhair foinse bhia **amháin** do gach ceann díobh.

**Cur síos 2 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)**, foinse bia 1 phointe @ 1 mharc** (grádaithe 1:0)

| **Cineál iarainn** | **Cur síos** | **Foinse bhia** |
|---|---|---|
| Iarann haeim | iarann feiriúil; intuaslagtha; ionsúitear é go héasca; srl. | scairteach; feoil dhearg; earraí feola, sicín; srl. |
| Iarann neamh-haem | iarann feireach, ní féidir leis an gcorp é a ionsú; ní mór é athrú ina iarann feiriúil chun go ndéanfaí é a ionsú; srl. | uibheacha; plúr lánghráin; glasraí glasa dorcha; iasc; léagúim; cnónna; síolta; srl. |

**4.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** threoirlíne maidir le béilí a phleanáil is cóir a chur san áireamh nuair atá béilí á bpleanáil do dhuine a bhfuil oistéapóróis air/uirthi.

**2 threoirlíne @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

méadú ar iontógáil cailciam; méadú ar iontógáil Vitimín D; méadú ar iontógáil Vitimín C; méadú ar iontógáil fosfair; seachain fíotáití; seachain ocsaláití; seachain farasbarr snáithín; seachain farasbarr saill sháithithe; seachain tainniní; seachain caiféin; seachain an iomarca alcóil; srl.

**5.** Comhlánaigh an tábla thíos maidir le bianna malartacha (núíosacha) próitéine.

**Foinse @ 2 mharc** (grádaithe 2:0) **x 2, Táirge @ 1 mharc** (grádaithe 1:0) **x 2**

| | Foinse | Táirge |
|---|---|---|
| **Planda** | pónairí soighe;<br><br>piseanna;<br>cruithneacht<br>cnónna;<br>síolta; srl. | TVP; tófú; bainne soighe/cáis; /iógart/plúr/anlann/ola; teimpé; miso;<br>próitéin pise;<br>saetán;<br>im cnó;<br>puimcín; seasaman; srl. |
| **Miocrorgánaigh** | baictéir; fungais; giosta; algaí; srl. | quorn/míceaphróitéin; giosta cothaitheach; srl. |

**6.** Mínigh an ról atá ag **gach** ceann díobh seo a leanas i dtáirgeadh cáise.

**2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

athraíonn **baictéir aigéid lachtaigh** lachtós (siúcra bainne) ina aigéad lachtach; feidhmíonn sé mar leasaitheach; cuireann sé leis an mblas; srl.
athraíonn **binid** cáiséinigin (próitéin bhainne) ina cáiséin; téachtann sí próitéiní bainne, foirmíonn sí gruth; srl.

**7.** Sainaithin **dhá** éilleán (ábhar truaillithe) ar féidir leo dul isteach sa bhiashlabhra. Luaigh foinse fhéideartha **amháin** agus tionchar féideartha **amháin** ar an gcorp de gach ceann de na héilleáin a ainmníodh.

**Éilleán 1 @ 1 mharc** (grádaithe 1:0) **x 2**
**Foinse 1 @ 1 mharc** (grádaithe 1:0) **x 2**
**Tionchar ar an gcorp 1 @ 1 mharc** (grádaithe 1:0) **x 2**

| Éilleán | Foinse | Tionchar ar an gcorp |
|---|---|---|
| **Ceimiceach** | | |
| lotnaidicídí | feithidicídí/lotnaidicídí a spraeáladh ar bharra/torthaí/glasraí; uisce a imíonn le sruth; srl. | fadhbanna riospráide; fadhbanna croí/ imshruthaithe; déantar damáiste don néarchóras; ailse; éalang ó bhroinn; srl. |
| antaibheathaigh | feoil a ithe ina bhfuil antaibheathaigh ainmhithe; bainne a ól ina bhfuil antaibheathaigh ainmhithe; srl. | frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach a fhorbairt; frithghníomhú ailléirgeach; srl. |
| tionscnóirí/ hormóin fáis | feoil a bhfuil siad ann a ithe; bainne a bhfuil siad ann a ól; srl. | frithghníomhú ailléirgeach; srl. |
| dé-ocsainí | dó hidreacarbóin; dé-ocsainí a aistrítear ina ithir/uisce; srl. | damáiste don chóras imdhíonachta; ailse: srl. |
| úiré-formaildéad | bratú ar ábhar pacáistithe atá páipéarbhunaithe; srl. | ailse; srl. |
| iarmhair mhiotail, m.sh. luaidhe, copar, caidmiam | aistrítear é chuig bia ó uisce/ithir/soithigh bia; péint; píobáin luaidhe; cadhnraí/breosla a dhó; srl | damáiste ae; damáiste duáin; damáiste don néarchóras; crampaí boilg; srl. |
| **Bitheolaíoch** | | |
| miocrorgánaigh | feoil ghannchócaráilte; uibheacha gannchócaráilte; lámha gan a bheith nite; ithir; uisce; srl. | nimhiú ó bhia; srl. |
| **Fisiceach** | | |
| earraí coimhthíocha | bia a bhfuil siad ann de bharr droch-stórála; ullmhúcháin; cócaireacht; srl. | guais tachta; nimhiú ó bhia; srl. |

**8.** Déan idirdhealú idir **gach** ceann de na cineálacha seo a leanas de nimhiú bia:

**2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:1:0)

**Nimhiú ionfhabhtaíoch ó bhia** de bharr bianna a ithe a bhfuil líon mór baictéir phataigineacha iontu a tháirgeann iontocsainí; cruthaítear iontocsainí laistigh de na cealla baictéaracha de réir mar a fhásann siad; scaoiltear iad nuair a bhásaíonn baictéir; is furasta iontocsainí a scrios; scriosfaidh cócaireacht cheart agus atéamh ceart tocsainí agus baictéir araon; tréimhse ghoir de níos mó ná 12 uair an chloig; Salmonella, Listéire, E. coli, Campalabaictéar; srl.
**Nimhiú tocsaineach ó bhia** de bharr bianna a ithe a bhfuil baictéir phataigineacha iontu a tháirgeann eiseatocsainí; táirgtear eiseatocsainí lasmuigh den chill bhaictéarach de réir mar a

fhásann siad; táirgtear iad roimh agus tar éis bia a ithe; is deacair eiseatocsainí a scriosadh; is gá iad a fhiuchadh ar feadh 30 nóiméad; tréimhse ghoir de 2 uair an chloig; Stafalacocas órga, Clostridium botulinum; Clostridium perfringens/welchii; srl.

**9.** Mínigh **dhá** bhunphrionsabal maidir le subh a dhéanamh.

**2 bhunphrionsabal @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:1:0)

scriosann **teas/teocht** ag 100$^{o}$C miocrorgánaigh; díghníomhaíonn fiuchadh ag 100$^{o}$C einsímí; srl.
tarraingíonn **siúcra** uisce ó chealla miocróbacha trí osmóis; prócaí steirilithe; srl.
**peictin** a bhfuil feidhm aici maidir le subh a théachtadh ina substaint atá cosúil le glóthach; tá peictin i dtorthaí aibí a théachtann an tsubh; srl.
cuidíonn **aigéad** le peictin a scaoileadh ó bhallaí cille torthaí; srl.
cuirtear cosc ar athiontráil miocrorgánach má dhéantar an próca **a shéalú**; srl.

**10.** Mínigh na híocaíochtaí leasa shóisialaigh seo a leanas agus tabhair sampla **amháin** de gach ceann acu.

**2 íocaíocht @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)
**2 shampla @ 1 mharc** (grádaithe 1:0)

**Íocaíochtaí árachais shóisialta** íocaíochtaí le daoine aonair a bhfuil 39 ranníocaíocht ÁSPC ar a laghad íoctha acu; níl tástáil acmhainne i gceist; srl.
**samplaí** sochar cuardaitheora poist; sochar breoiteachta; sochar máithreachais; sochar atharthachta; pinsean easláine; pinsean baintrí/baintreach fir nó páirtnéara shibhialta (ranníocach) atá fós beo; sochar cúramóra; pinsean seanaoise ranníocach; srl.
**Íocaíochtaí cúnaimh shóisialta** íocaíochtaí le daoine aonair nach bhfuil ranníocaíochtaí ÁSPC neamhleora íoctha acu; tá tástáil acmhainne i gceist; srl.
**samplaí** liúntas cuardaitheora poist; íocaíocht teaghlaigh i bhfostaíocht; liúntas leasa forlíontach; liúntas míchumais; liúntas cúramóra; íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora; pinsean seanaoise neamh-ranníocach; srl.

**11.** Sainaithin gníomhaireacht dheonach **amháin** um chosaint tomhaltóirí.

**Ainm 1 @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

Tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag an ngníomhaireacht dheonach um chosaint tomhaltóirí a ainmníodh.

**Ról 1 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

Déanann **Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann (CTE)** taighde agus suirbhéanna ar earraí agus seirbhísí a fhoilsítear san iris ar líne Consumer Choice; cuireann sé faisnéis oibiachtúil ar fáil ar earraí agus ar sheirbhísí tomhaltóirí; déanann sé stocaireacht ar an rialtas maidir le saincheisteanna do thomhaltóirí; cuireann sé comhairle ar fáil trína 'Sheirbhís Phearsanta do Thomhaltóirí'; déanann sé ionadaíocht ar thomhaltóirí ar réimse comhlachtaí; srl.
Cuireann **Údarás Caighdeáin Fógraíochta na hÉireann (UCFE)** caighdeáin arda chun cinn ó thaobh fógraíochta agus cumarsáid mhargaíochta de; cinntíonn sé go bhfuil fógraí tráchtála dleathach,

fírinneach, ionraic, macánta; fiosraíonn sé gearáin ón bpobal maidir le fógraí; is féidir leis treoir a thabhairt do chuideachtaí fógra a choigeartú nó a bhaint; srl.

**12.** Tabhair breac-chuntas ar fheidhm **gach** ceann de na páirteanna seo de chuisneoir:

**2 fheidhm @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:1:0)

déanann **an comhdhlúthadán** an cuisneán gásach (amóinia leachtach, freon 12, iseabútán) a fhuarú/a athrú ina leacht; seolann sé cuisneán leachtach chuig an ngalaitheoir; srl.
úsáideann **an galaitheoir** teas ó chaibinéad an chuisneora chun an cuisneán leachtach a thiontú ina ghás; caibinéad an chuisneora á fhuarú; srl.

**13.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghné de Bheartas reatha Tithíochta Náisiúnta na hÉireann (Tithíocht do Chách).

**2 ghné @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

pobail inbhuanaithe a bhfuil taitneamhachtaí agus bonneagar mar thaca acu; foirgnimh liostaithe a choinneáil; cosaint an chomhshaoil nádúrtha; soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne; scáthchóiríocht; tithe atá tíosach ar fhuinneamh a chur chun cinn; rátálacha BER ar thithe ar díol/ar cíos; tacú le húinéireacht tí agus inacmhainneacht a mhéadú trí réimse scéimeanna; soláthar tithíochta nua a mhéadú; forlíonadh cíosa; cóiríocht ar cíos a chlárú; scéim cothromais baile; scéim cabhair le ceannach; Croí Cónaithe; inrochtaineacht ar thithíocht a fheabhsú; srl.

**14.** Déan cur síos ar **dhá** shlí éagsúla inar féidir le tomhaltóirí a bheith níos airdeallaí ar an gcomhshaol nuair a bhíonn earraí leictreacha á roghnú acu.

**2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)


earraí leictreacha le rátáil éifeachtúlachta fuinnimh A; éicea-timthriallta ar mheaisíní níocháin/miasniteoirí; timthriallta leath-ualaigh; rogha chun teocht a laghdú; táille WEEE a íoc nuair a bhíonn fearais nua á gceannach; diúscairt shábháilte seanfhearais a chinntiú; fearais ar bheagán pacáistithe/gan róphacáistiú a bheith i gceist leo; srl.

## Roinn B

Freagair **Ceist 1** agus **dhá** cheist ar bith eile as an roinn seo.
Tá 80 marc ag gabháil le Ceist 1. Tá 50 marc an ceann ag gabháil leis na ceisteanna 2, 3, 4 agus 5.

**Ceist 1**

I suirbhé Eurobarometer in 2022 agus 2019, ceistíodh tomhaltóirí faoi thosca a théann i gcion ar a gcinntí agus bia á cheannach acu.




(*arna chur in oiriúint ó www.efsa.europa.eu*)

**(a)** Úsáid an t-eolas atá ar fáil sa chairt agus déan trácht ar **cheithre** thoisc a théann i gcion ar na cinntí a dhéanann tomhaltóirí nuair a bhíonn bia á cheannach acu, agus tabhair tuilleadh eolais faoi na tosca sin. (20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:4:3:2:1:0)

Tháinig méadú ar **chostas** ó 2019 i leith; méadú ar chostas maireachtála; boilsciú; méadú ar chostais iompair bia; taraifí méadaithe ar tháirgí bia iompórtáilte; coinbhleachtaí reatha ar fud an domhain; méadú ar chostas na n-amhábhar/ar an ábhar; méadú ar chostais fuinnimh; ganntanas bia; cáin siúcra; srl.
**Sábháilteacht bia** méadú beag ó 2019 i leith; baictéir ó nimhiú ó bhia; breiseáin; iarmhar lotnaidicídí; iarmhar antaibheathach; hormón; stéaróideach; bianna géinmhodhnaithe; bianna a bhfuil galair ainmhithe i gceist leo; micreaphlaistigh; baictéir atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach i mbianna; srl.
**Bunús bia** Laghdú ó 2019 i leith; inrianaitheacht bia; rialacha a rialaíonn táirgeadh bia i dtíortha éagsúla; mílte bia; suíomh geografach; cúlra cultúrtha; straitéisí margaíochta a úsáideann eagraíochtaí bia; gníomhaireachtaí sábháilteachta bia; srl.
**Tionchar ar an gcomhshaol** méadú ollmhór ó 2019 i leith; mílte bia; an méid uisce a úsáidtear; an méid agus an cineál fuinnimh a úsáidtear le linn an phróis táirgthe; an méid $CO_2$ a tháirgtear; an méid gás meatáin a tháirgtear; truailliú uisce; aeir; ithreach; ídiú cothaitheach ón ithir; bianna orgánacha; lotnaidicídí a úsáidtear; cur amú bia; iompar; bianna séasúracha; an cineál pacáistithe a úsáidtear; srl.


**Ábhar cothaitheach** níl aon athrú ó 2019 i leith; CML a bhaint amach le haghaidh cothaithigh éagsúla; aois an duine; stádas sláinte an duine; caitheamh aimsire agus gníomhaíochtaí; comhairle chothaithe; fógraíocht; na meáin shóisialta; tionchairí; srl.

**(b)** Tabhair mionchuntas ar charbaihiodráití agus tagair dóibh seo a leanas: (22 marc)

- bunstruchtúr monaisiúicríde


**1 phointe @ 8 mharc** (grádaithe 8:7:6:5:4:3:2:1:0)

foirmle cheimiceach ghlúcóis $C_6H_{12}O_6$; struchtúr fáinneach; aonad amháin siúcra; sampla; srl.




- foirmiú déshiúicrídí **4 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

foirmle cheimiceach $C_{12}H_{22}O_{11}$; nascann 2 monaisiúicríd (siúcraí) le chéile; nuair a chailltear/a chuirtear deireadh le móilín uisce amháin, imoibriú comhdhlúthúcháin; sampla; srl.




- feidhmeanna bitheolaíochta. **3 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

teas; fuinneamh; spárálann sé próitéin le haghaidh phríomhfheidhm an fháis; farasbarr siúcra/stáirse a thiontaítear ina fhíochán saille; ceadaíonn snáithín gluaiseachtaí rialta na bputóg; laghdaíonn sé iatacht; laghdaíonn sé haemaróidí; laghdaíonn sé galair dhíbhéartaclacha; laghdaíonn sé colaistéaról LPÍD; scaoileadh mall glúcóis isteach sa sruth fola; rialaíonn sé leibhéil siúcra fola; cuireann sé tathag isteach in aiste bia; súnn sé uisce agus atann sé, cuireann sé moill ar an ocras; srl.

**(c)** Déan cur síos ar **thrí** airí de chuid siúcra agus tabhair sampla **amháin** sa chócaireacht de gach airí acu. (18 marc)

**3 airí @ 6 mharc** (grádaithe 6:5:4:3:2:1:0)
**[Ainm 2 mharc** (grádaithe 2:0)**, Míniú 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)**,**
**Cur i bhfeidhm cócaireachta 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)**)] x3**

**intuaslagthacht** is comhdhúile criostalacha bána iad siúcraí, tá siad intuaslagtha in uisce; déantar intuaslagthacht a mhéadú ach an t-uisce a théamh; cruthaítear síoróip nuair a théitear siúcra agus uisce; srl.

**cur i bhfeidhm cócaireachta** reoán; síoróip; torthaí stánaithe/buidéil; deochanna; srl.
**milseacht** tá leibhéil éagsúla milseachta ag baint le siúcra bunaithe ar scála pointe ina mbaintear úsáid as modh an bhlaiste; tá milseacht choibhneasta 100 ag baint le siúcrós; tá milseacht choibhneasta 75 ag baint le glúcós; tá milseacht choibhneasta 170 ag baint le fruchtós; tá milseacht choibhneasta 15 ag baint le lachtós; srl.
**cur i bhfeidhm cócaireachta** cácaí; milseáin; brioscarán; deochanna; srl.
**cuidíonn sé le haerú** dínádúraíonn siúcra próitéin uibhe, rud a ligeann d'aerú titim amach; bíonn aerú i gceist le hubh nuair a bhuailtear í agus siúcra ann; srl.
**cur i bhfeidhm cócaireachta** císte spúinse; meireangaí; srl.
**Imoibriú Maillard** imoibriú neamh-einsímeach idir siúcra (carbaihiodráití) agus aimínaigéid (próitéiní) i dteas tirim, rud a fhágann go dtiocfaidh dath donn chun cinn; srl.
**cur i bhfeidhm cócaireachta** prátaí rósta; feoil rósta; brioscarán; borróga; cácaí; srl.
**caramalú** nuair a théitear siúcra, leánn sé agus táirgeann sé caramal; tá 10 n-athrú a thagann de réir a chéile ar shiúcra idir leá agus caramalú; tarlaíonn na céimeanna seo idir 104$^{o}$C agus 177$^{o}$C; faoi dheireadh beidh an teas ina chúis le carbónú (dó) an tsiúcra; srl.
**cur i bhfeidhm cócaireachta** crème caramail; crème brûlée; caramal; srl.
tarlaíonn **criostalú** nuair a chuirtear an iomarca siúcra le meascán/leacht; súnn an meascán/leacht an oiread siúcra agus is féidir; foirmíonn cáithníní criostail nuair a fhuaraíonn an meascán; srl.
**cur i bhfeidhm cócaireachta** milseáin chrua; milseogra; srl.
**hidrealú agus inbhéartú** imoibríonn siúcraí déshiúicríde le huisce agus le heinsímí a bhriseann síos ina monaisiúicrídí; tarlaíonn inbhéartú ach siúcra a théamh le haigéad nó einsím a chur leis; briseann siúcrós síos ina ghlúcós agus ina fhruchtós, ar a dtugtar siúcra inbhéarta; srl.
**cur i bhfeidhm cócaireachta** milseáin; subh; srl.

**(d)** Ceap sraith straitéisí le leanúint nuair atá bia/deoch á c(h)eannach agus á (h)ullmhú chun an méid siúcra a ghlacann duine a laghdú. (20 marc)

**4 straitéis @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

**(1 phointe a bhaineann le ceannach, 1 phointe a bhaineann le hullmhú & 2 phointe eile)**

**ceannach** seiceáil lipéid bhia don chion siúcra; scrúdaigh liosta na gcomhábhar le haghaidh ainmneacha na siúcraí éagsúla; roghnaigh roghanna siúcra laghdaithe/neamhshiúcra; roghnaigh seacláid dhorcha in ionad seacláid bhainne nó bhán; roghnaigh subh siúcra laghdaithe; srl.
**seachain na bianna seo a leanas**
**anlanna** anlann trátaí; anlann sillí mhilis, anlainn pasta réamhdhéanta; srl.
**dipíní** dipíní meala; srl.
**milseogra** milseogra oighrithe, uachtair reoite, sneaiceanna 'atá íseal ó thaobh saille de', gránaigh atá brataithe le siúcra, barraí gránóla, barraí próitéine, milseáin; srl.
**glónraí** feolta glónraithe; srl.
**brataithe le seacláid** torthaí, cnónna, rís atá brataithe le seacláid; srl.
**deochanna** deochanna súilíneacha/deochanna fuinnimh; srl.
**bianna eile** torthaí stánaithe i síoróip, roghnaigh torthaí stánaithe i súnna nádúrtha/fíoruisce; srl.
**ullmhú** úsáid spíosraí chun blas agus milseacht a thabhairt; roghnaigh torthaí aibí; roghnaigh uisce, uisce súilíneach, taenna luibhe; cuir torthaí úra, torthaí bácáilte san áireamh; úsáid iógart nádúrtha; úsáid siúcra/síoróipí blaistithe a laghdú; uisce a bhlaiseadh ach úsáid a bhaint as torthaí agus glasraí úra seachas coirdiail a úsáid; úsáid úisc in ionad siúcra nuair a bhíonn tú ag bácáil; úsáid milsitheoirí saorga; cumaisc torthaí milse le torthaí milse níos lú in ionad siúcra a chur isteach; úsáid anlann úll neamh-mhilsithe, bananaí brúite, dátaí, prúnaí cumaiscthe, prátaí milse bruite in ionad siúcra in oidis; seachain siúcra a chur le sneaiceanna; seachain subh a chur le harán/tósta; srl.

**Ceist 2**

'Bíonn féatas ag brath ar a mháthair le haghaidh cothaithe; mar sin, is gá do mhná atá ag iompar clainne ithe go sláintiúil agus go sábháilte.' (*www.bordbia.ie*)

**(a)** Pléigh na treoirlínte cothaithe is cóir a leanúint nuair a bhíonn béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú do bhean atá ag iompar clainne. (20 marc)

**5 threoirlíne aiste bia @ 4** mharc (grádaithe 4:2:0)

úsáid na pirimide bia chun cothromaíocht a bhaint amach ó thaobh cothaitheach de; cuir próitéin ALB san áireamh; bianna stáirsiúla atá íseal ó thaobh GI de; snáithín san áireamh go háirithe sa 3ú ráithe; aigéid shailleacha óimige 3; Vitimín C; iarann; Vitimín D; cailciam; Vitimín A; Vitimín K; Aigéad Fólach/Fóláit; iaidín; cothromaíocht fuinnimh maidir le leibhéil ghníomhaíochta agus céimeanna an toirchis; machnamh a dhéanamh ar malairt blasanna agus dúil mhallaithe; seachain farasbarr caiféine a iontógáil; seachain sliogéisc; seachain feoil neamhchócaráilte; seachain pâté; seachain cáiseanna boga aibithe agus táirgí déiríochta neamhphaistéaraithe; seachain sailéid réamhullmhaithe; salainn a iontógáil atá faoi bhun an CML; laghdaigh úsáid siúcra; laghdaigh bianna spíosracha; is féidir le bianna fuara an boladh a laghdú; bainne fuar agus iógart le haghaidh dó croí; cuir sinséar i mbéilí agus i ndeochanna; cuir torthaí agus glasraí úra san áireamh; nigh torthaí agus glasraí go mion; uibheacha a chócaráil go hiomlán; machnamh a dhéanamh ar ailléirgí; machnamh a dhéanamh ar aistí bia speisialta; iontógáil cheart leachta; alcól a sheachaint; srl.

**(b)** Tabhair cuntas ar Aigéad Fólach/Fóláit faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas: (18 marc)

- foinsí **3 fhoinse @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

ginidín cruithneachta; bran cruithneachta; gránaigh lánghráin; brocailí; bachlóga bruiséile; spionáiste; cabáiste agus cál; asparagas; abhacád; piseanna; pónairí; lintilí; biatas; torthaí citris; papá; bananaí; uibheacha; scairteach; gallchnónna; ros lín; rís bhán; gránaigh/aráin bhricfeasta threisithe; forlíontaí aiste bia; srl.

- feidhmeanna bitheolaíochta **3 fheidhm @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

foirmiú ceall fola dearg; tá sé riachtanach do shintéisiú agus deisiú ADN agus RNA; meitibileacht phróitéine; forbairt na hinchinne, corda an dromlaigh agus cnámharlach san fhéatas; laghdaíonn sé an baol lochtanna ó thaobh feadáin néaracha de; d'fhéadfadh sé taomanna croí, stríocanna; ailse srl. a chosc; baint aige le cosc a chur ar ainéime; tá ról aige i ndúlagar a chóireáil; cuidíonn sé leis an gcóras imdhíonachta; srl.

- airíonna **3 airí @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

intuaslagtha in uisce/dothuaslagtha in alcól; gan bholadh; gan bhlas; solad criostalach oráiste/buí; seasmhach ó thaobh teasa de ach tá roinnt caillteanais ann le linn cócaireachta; níl aon tionchar ag aigéid air; scriosann solas ultraivialait é; scriosann ocsaigin é; srl.

**(c)** Déan measúnú ar lipéad bia mar fhoinse eolais do thomhaltóirí nuair a bhíonn bia á cheannach do dhaoine a bhfuil riachtanais chothaithe ar leith acu. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

ainm an bhia; liosta comhábhar; comhábhair in ord meáchain atá ag dul i laghad; dearbhú ailléirginí; na hailléirginí a bheith clóite i gcló trom; an luach ó thaobh cothaitheach de; sciartha; treoracha cócaireachta; an méid siúcra; an méid salainne; an méid saill sháithithe; an méid snáithín; siombailí; bia treisithe; bianna feidhmiúla; srl.

**Ceist 3**

'Tá táirgeoirí ceardaí tar éis cultúr bia na hÉireann a athrú, rud atá i ndiaidh ár n-oidhreacht chócaireachta a shaibhriú.' (*Irish Examiner, Ean. 2023*)

**(a)** Pléigh na hathruithe atá tagtha chun cinn sna patrúin bhia agus itheacháin in Éirinn le blianta beaga anuas. (20 marc)

**5 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

méadú ar bhianna saoráideacha a ithe; méadú ar bhreiseáin; méadú ar shalann; méadú ar shaill sháithithe; méadú ar shiúcra; iontógáil íseal snáithín; amanna neamhrialta béilí; bianna eile in ionad bianna traidisiúnta; méadú ar aistí bia speisialta; réimse leathan bianna ar fáil; modhanna cócaireachta éagsúla; scileanna cócaireachta; tionchar ó chultúir eile; níos mó eolas cothúcháin; bianna amha a bheith ar fáil; díriú ar shláinte phutóige; díriú ar bhia don dea-shláinte mheabhrach; srl.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna atá i gceist i ndéantús iógairt. I do fhreagra, tagair do tháirgeadh, pacáistiú agus lipéadú. (20 marc)

**10 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0),

déantar bainne a homaiginiú; déantar bainne a phaistéaradh ag 80°C - 90°C; déantar é a fhuarú go 37°C; **saothrú** tús gabhála na mbaictéar aigéid lachtaigh/lacobacillus bulgarius; déantar an meascán a ghor ar feadh 6-8 uair an chloig; déantar é a fhuarú go 5°C; cuirtear milseoirí/cnónna/torthaí srl. leis; cuirtear breiseáin/dathúcháin/blasóirí/cobhsaitheoirí srl. leis; déantar é a mheá; a phacáistiú; a lipéadú; srl.

**(c)** Déan cur síos ar an gcosaint a thugtar don tomhaltóir leis na Rialacháin um Shláinteachas Bia, 1950-1989. (10 marc)

**2 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

cuireann sé cosc ar bhia atá galraithe, éillithe nó nach bhfuil oiriúnach mar bhia don duine a dhíol; ní mór cloí le réamhchúraimí ag gach céim den táirgeadh chun éilliú bia a chosc; ní mór áitribh bhia a chlárú agus dálaí sláinteachais a chothabháil maidir le trealamh, cur amú bia, soláthar uisce; ní mór do gach láimhseálaí bia cloí le caighdeáin arda sláinteachais agus córas Anailíse Guaise agus Pointí Rialúcháin Criticiúla (AGPRC) a chomhlíonadh; ní mór do stainníní bia soghluaiste ina ndéantar bia a ullmhú agus/nó a chócaráil/a théamh iarratas a dhéanamh ar cheadúnas bliantúil; mura gcloítear leis na rialacháin, féadtar orduithe dúnta a eisiúint agus bia mí-oiriúnach a ghabháil agus a scriosadh; srl.

**Ceist 4**

'Is iad baill foirne chuidiúla eolacha an phríomhchúis a mbíonn tóir ag tomhaltóirí na hÉireann ar an tsiopadóireacht ar an láthair.' (*www.pwc.ie*)

**(a)** Déan anailís ar na hathruithe sna patrúin siopadóireachta atá ag tomhaltóirí le deich mbliana anuas. (20 marc)

**5 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

roghanna íocaíochta; cártaí dílseachta siopa/aipeanna; forbairtí teicneolaíochta agus nuálaíochtaí; cuntair íocaíochta féinseirbhíse; scan-mar-a-úsáidtear; minicíocht na siopadóireachta; ionaid/ionaid asdíola móra siopadóireachta; siopadóireacht dhéanach san oíche; siopadóireacht 24 uair an chloig; siopadóireacht teilifíse, ar líne agus ar na meáin shóisialta; siopaí carthanachta/seanré; ardáin siopadóireachta/áiteanna margaidh chun earraí a dhíol/a mhalartú; buiséad; am ar fáil; luachanna; teaghlach; aistí bia speisialta; inbhuanaitheacht; cultúr; feasacht cothúcháin; srl.

**(b)** Ainmnigh **dhá** mhodh íocaíochta dhifriúla a úsáideann tomhaltóirí chun íoc as earraí a cheannaíonn siad ar an láthair agus déan measúnú ar na modhanna sin. (18 marc)

**[Ainm 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)**, 2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)**] x2**

**ainm** airgead tirim; seic; cárta dochair; cárta creidmheasa; Revolut; tapáil fóin; dearbháin; dochar díreach; fruilcheannach; srl.
**measúnaigh** infhaighteacht; éascaíocht úsáide; an costas do thomhaltóirí; sábháilteacht; srl.

**(c)** Déan cur síos ar an gcosaint a thugtar don tomhaltóir faoin Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007. (12 mharc)

**3 pointí @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

ráitis bhréagacha nó mhíthreoracha faoi earraí; ráitis bhréagacha nó mhíthreoracha faoi sheirbhísí; ráitis bhréagacha nó mhíthreoracha faoi phraghas; an praghas roimhe seo; praghas miondíola molta; srl.

**Ceist 5**

'Tá an teaghlach ina bhuninstitiúid de chuid na sochaí atá dinimiciúil luaineach síorathraitheach, agus a bhfuil teacht aniar inti.' (Kristy Hawthorn)

**(a)** Pléigh ról an teaghlaigh maidir le freastal ar riachtanais fhisiciúla agus shíceolaíocha leanaí óga ionas go mbeidh siad ina ndaoine fásta stuama sa tsochaí. (20 marc)

**4 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:1:0)

**(1 phointe a bhaineann le tosca fisiciúla, 1 phointe a bhaineann le tosca síceolaíocha & 2 phointe eile)**

**tosca fisiciúla**

**bia** tuismitheoirí chun aiste bia chothrom shláintiúil a sholáthar do leanaí; aird a thabhairt ar riachtanais an linbh i dtaobh cothaitheach; freagracht a ghlacadh as srian a chur ar iontógáil bia mhíshláintiúla an linbh; srl.

**éadaí** soláthraíonn tuismitheoirí éadaí dóthanacha ó thaobh mhodhúlacht agus chosaint an linbh a chinntiú; srl.

**foscadh** tá foscadh de dhíth ar pháistí, teach te chun cónaí, chun scíth a ligean agus chun spraoi ann; srl.

**tosca síceolaíocha**

**grá** ligfidh an cion atá ar an leanbh i gcaidreamh don leanbh é seo a aistriú i gcás a c(h)aidreamh féin; srl.

**sábháilteacht agus iontaoibh** soláthróidh láithreacht cúramóra iontaofa, seasmhaigh i ról cothaitheach sábháilteacht agus iontaoibh do leanaí; srl.

**moladh agus spreagadh** cabhrú le saol baile seasmhach sona a sholáthar do leanaí; féin-mheas an linbh a chothú; srl.

**cosaint** ó mí-úsáid fhisiciúil, mhothúchánach agus ghnéis; srl.

**(b)** Déan anailís ar thionchar athruithe sóisialta, eacnamaíocha agus teicneolaíocha ar struchtúir theaghlaigh sa lá atá inniu ann. (18 marc)

**3 phointe @ 6 mharc** (grádaithe 6:4:2:0)

**(1 phointe a bhaineann le hathruithe sóisialta, eacnamaíocha agus teicneolaíochta)**

**sóisialta** meath ar struchtúr an teaghlaigh shínte; méadú ar chomhchónaí; uirbiú; comhionannas inscne; teaghlaigh dhá ghairm bheatha; níos lú leanaí; mná a bhfuil leanaí acu níos déanaí sa saol; cliseadh pósta; scaradh agus colscaradh; pósadh comhghnéis; uchtú; máthairionadaíocht; roghanna pleanála teaghlaigh; sochaí ilchultúrtha; luach an oideachais; róil chomhroinnte sa bhaile; aithreacha a fhanann sa bhaile; méadú ar am fóillíochta; iompar frithshóisialta; srl.

**eacnamaíoch** costas méadaithe maireachtála/boilsciú; sochair stáit; an bheirt pháirtithe/tuismitheoirí ag obair; caighdeán maireachtála níos airde; obair hibrideach; infhaighteacht agus costas cúraim leanaí; costas oideachais agus cóiríochta; éileamh ar thithíocht; bogadh ó cheantair uirbeacha mar gheall ar chostas tithíochta; tuismitheoir amháin ag obair thar lear; srl.

**teicneolaíochta** fearais uathoibrithe; teicneolaíocht chliste; na meáin shóisialta; teicneolaíocht chumarsáide; áiseanna siamsaíochta oideachais; teicneolaíocht slándála; daoine ag obair ón mbaile; srl.

**(c)** Déan cur síos ar **dhá** thacaíocht atá ar fáil do bhaill teaghlaigh bhreacaosta agus luaigh an chaoi a gcuidíonn na tacaíochtaí seo leo a neamhspleáchas a coinneáil. (12 mharc)

**2 phointe @ 6 mharc** (grádaithe 6:4:2:0)

teaghlach; comharsana; scéimeanna scáth-thithíochta; seirbhísí deonacha, m.sh. Béilí ar Rothaí, Aoisghníomhaíocht; íocaíochtaí leasa shóisialaigh; seirbhísí cúraim phobail, m.sh. altraí sláinte poiblí, Seirbhísí Tacaíochta Baile; cártaí leighis; saorthaisteal; srl.

## Roinn C

Freagair ceist **amháin** ar ábhar roghnach **nó** Ceist 4 (croí-ábhar) ar a n-áirítear **cuid (a)** agus **cuid (b) nó cuid (c)**.
Má chuir tú isteach obair chúrsa i d*Teicstílí, Faisean agus Dearadh* le haghaidh an scrúdaithe, ní cheadaítear duit ach Ceist 2 as an roinn seo a fhreagairt.

## Ábhar Roghnach 1 – Dearadh agus Bainistíocht Tí – 80 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an cheist seo **1(a)** agus **1(b) nó 1(c)** a fhreagairt.

**1.(a)** 'Bíonn cuma ghalánta ar theach atá pleanáilte agus deartha go maith, agus cuireann sé sin feabhas ar chaighdeán saoil duine.' (*www.homesandgardens.com*)

**(i)** Pléigh na tosca a mbíonn tionchar acu ar dhearadh intí an tí.
Tagair dóibh seo a leanas:

- costas
- méid agus cúinsí an teaghlaigh
- eirgeanamaíocht. (20 marc)

**5 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)**, 1 phointe ar gach toisc & 2 phointe eile**

**costas** srianta buiséid; cáilíocht mhaith, earraí tarraingteacha nach bhfuil róchostasach; srl.
**méid agus cúinsí an teaghlaigh** líon agus aois bhaill an teaghlaigh; áiteanna le haghaidh spraoi; áiteanna le haghaidh staidéir; rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn le duine; ioncam teaghlaigh; líon bhaill an teaghlaigh atá ag obair; baill teaghlaigh a bhfuil riachtanais bhreise acu; dromchlaí atá éasca le glanadh; riachtanais reatha agus sa todhchaí a bhaineann le baill teaghlaigh; srl.
**eirgeanamaíocht** ba chóir go mbeadh éascaíocht gluaiseachta san áireamh i ndearadh an tseomra; freastal ar shreabhadh tráchta nádúrtha; spásanna agus dromchlaí atá éasca le glanadh; rochtain saor in aisce ar gach áit, m.sh. soicéid, fuinneoga; ba cheart go n-éascódh dearadh an tseomra an éifeachtacht is fearr, m.sh. seicheamh oibre, triantán oibre; d'oirfeadh an dromchla oibre airde an úsáideora; srl.

**(ii)** Sainaithin **trí** phrionsabal deartha agus déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí gach prionsabal deartha acu a chur i bhfeidhm i spás deartha intí. (18 marc)

**3 phrionsabal @ 6 mharc** (grádaithe 6:4:2:0)
**[Ainm 2mharc** (grádaithe 2:0)**, míniú 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)**] x3**

**coibhneas** ní mór do rudaí a bheith ar mhéid/airde atá i gcoibhneas le gach earra eile sa seomra; ba chóir é a chur i bhfeidhm ar dhath, ar phatrún agus ar uigeachtaí; srl.
**béim** baintear é seo amach ach pointe fócais a chruthú i seomra; tarraingítear na súile ar ghné ar leith, m.sh. teallach sa seomra suí; gné balla; srl.
**cothromaíocht** cuirtear é seo i bhfeidhm ach úsáid a bhaint as an méid céanna datha, patrún agus uigeachta a théann go maith le chéile; níor cheart go mbeadh forlámhas ag aon ghné nó eilimint seomra amháin; srl.
**rithim** is féidir é a bhaint amach trí rudaí éagsúla a nascadh i seomra; is féidir é a dhéanamh trí dhath difriúil a athúsáid in áiteanna éagsúla nó trí úsáid a bhaint as earraí a bhfuil an stíl, cruth nó patrún, cosúil, ar fud an tseomra; srl.

**(iii)** Déan measúnú ar conas is féidir le dearadh agus tógáil tí cuidiú chun an méid fuinnimh a úsáideann an líon tí a laghdú. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

foinsí fuinnimh in-athnuaite; fuinneoga móra a bhfuil a n-aghaidh ó dheas; gloiniú dúbailte nó triarach; fuinneoga a bhfuil astaíochas íseal ag baint leo; insliú cuasbhalla; insliú áiléir; séalú aeir; córas teasa criosaithe; RFF íseal; tithíocht fráma adhmaid; soilsiú braiteoirí; aeráil mheicniúil le córas aisghabhála teasa (MVHR); srl.

**agus**

**1.(b)** 'Is fuinneamh cumhachtach ilfheidhmeach é leictreachas a ndéantar talamh slán de go minic, ach tá sé ríthábhachtach é a úsáid go sábháilte.' (*www.esbnetworks.com*)

**(i)** Déan cur síos ar an gcaoi a gcuireann gach ceann díobh seo le húsáid shábháilte gléasanna leictreacha sa teach.

- mionscoradán ciorcaid
- sreang thalmhaithe. (12 mharc)

**2 phointe @ 6 mharc** (grádaithe 6:4:2:0)

**mionscoradán ciorcaid** truipeálfaidh sé nuair a aimsítear locht ar chiorcad; fliceálann sé síos go dtí an suíomh múchta; briseann an ciorcad; cuireann sé stop le sreabhadh an leictreachais; a luaithe a aimsítear an locht agus a chuirtear ina cheart é is féidir an mionscoradán ciorcaid a athrú ar ais go dtí an suíomh ar siúl; srl.
**sreang thalmhaithe** (glas/buí) tá sí le fáil i bplocóidí agus i bhfearais leictreacha; má tharlaíonn locht leictreach, d'fhéadfadh an tsreang bheo a ndéantar damáiste di teagmháil a dhéanamh le cásáil miotail an fhearais agus go mbeadh an fearas beo; má leagtar lámh ar fhearas beo, is féidir le duine a leictreamharú; iompraíonn sreang thalmhaithe sruth leictreach ó shreang bheo a ndéantar damáiste dí síos go pláta miotail sa talamh amach ón bhfearas; coscann sé leictreamharú; srl. **Glactar le** léaráidí lipéadaithe

**(ii)** Sainaithin **trí** úsáid neamhéifeachtúla d'fhuinneamh sa teach agus measúnaigh straitéis a mholfá chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i ngach cás atá aitheanta. (18 marc)

**3 neamhéifeachtúlacht @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)**, 3 straitéis @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

**caillteanas teasa** ballaí a insliú; fuinneoga gloinithe dhúbailte nó thriaraigh; fuinneoga a bhfuil astaíochas íseal ag baint leo ísle; úsáid fo-chairpéid urláir; srl.
**córas téimh** suiteáil coire comhdhlúthúcháin; seirbhís rialta a dhéanamh ar an gcoire; téamh criosaithe ionas go mbeadh teas ar fáil i seomraí nuair is gá; teirmeastait a shuiteáil ar radaitheoirí; lasc ama a shuiteáil ar an gcóras téimh; srl.
**tinte oscailte** sorn a shuiteáil; cúlchoire a chur isteach; iompaigh ar ghual/adhmad gan toit; srl.
**téamh uisce** lasc ama a shuiteáil ar thumthéitheoirí; painéil ghréine a shuiteáil chun uisce a théamh; insligh sorcóir uisce the; an cithfholcadh a úsáid in ionad an fholcadáin; srl.
**fearais** roghnaigh fearais rátáil A; a chur ar siúl ach amháin le hualach iomlán; rudaí a ní le huisce fuar; fearais le teirmeastait; fearais atá tíosach ar fhuinneamh; seachain fearais a fhágáil ar fuireachas; srl.
**úsáid uisce** sconnaí sceite a dheisiú; leithris dhéshruthlaithe a úsáid; ná nigh rudaí faoi sconna reatha; srl. **soilsiú** roghnaigh soilse LED; amadóirí; srl.

**nó**

**1.(c)** 'Má tá do theach inslithe go maith, beidh aerú maith ag teastáil uait freisin.' (*www.seai.com*)

**(i)** Mínigh bunphrionsabal an inslithe a úsáidtear sa teach.
Sainaithin **trí** mhodh dhifriúla leis an teach a insliú agus déan cur síos orthu. (18 marc)

**bunphrionsabal 3 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

aer, polaistiréin, snáithínghloine; srl. a úsáidtear chun méid an chaillteanais teasa a chosc/a laghdú; coinníonn drochsheoltóirí teas istigh; cosc a chur ar theas a bheith ag dul tríd; srl.

**modhanna inslithe baile 3 mhodh @ 4 mharc** (grádaithe 4:3:2:1:0)

**áiléir/díon** insliú blaincéid snáithín; insliú líonta scaoilte; cúrinsliú; insliú ceallalóis séidte; déantar insliú ar umar uisce agus píopaí; srl.
**ballaí** cuasbhallaí aer; leatháin pholaistiréin; cúr polaistiréine; coirníní nasctha; srl. ballaí daingne brat-insliú (snáithínghloine/olann charraige) leatháin inslithe; insliú seachtrach (polaistiréin le mogalra atreisithe); srl.
**urlár** bearnaí iomlána thart ar chláir urláir; cairpéid feistithe le fo-chairpéad tiubh; insliú bád snáithínghloine ar an gcéad urlár; srl.
**eisiatóirí seoidire** eisiatóirí scuaibe, eisiatóirí fabraice; srl.
**fuinneoga/doirse** fuinneoga agus doirse dea-fheistithe; gloiniú dúbailte/triarach; teach a dhéanamh díonmhar ar shéideáin; cuirtíní atá línithe go trom; srl.
**Glactar le** léaráid lipéadaithe

**(ii)** Pléigh an tábhacht a bhaineann le haerú fónta a bheith sa teach. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

soláthraíonn sé aer úr atá saibhir ó thaobh ocsaigine de; baineann sé an seanaer; ceadaíonn sé dócháin; cuireann sé cosc ar chomhdhlúthú; rialaíonn sé teocht an tseomra; rialaíonn sé na leibhéil taise; is féidir fadhbanna sláinte a bheith mar thoradh ar dhroch-aeráil; is féidir damáiste struchtúrach don teach a bheith mar thoradh ar dhroch-aeráil; srl.

## Ábhar Roghnach 2 – Teicstílí, Faisean agus Dearadh – 40 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an cheist seo **2(a)** agus **2(b) nó 2(c)** a fhreagairt.

**2.(a)** Is tábhachtach a bheith faiseanta ach compordach i gcás an-chuid ócáidí agus cóisirí teaghlaigh.



(*www.bohoo.com*)



(*www.pinterest.com*)

**(i)** Déan dearadh na bhfeisteas a thaispeántar thuas a mheas le haghaidh ócáid teaghlaigh sa samhradh. Tagair dóibh seo a leanas:

- compord **1 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)
- tarraingt aeistéitiúil **1 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)
- nósanna faisin reatha. **1 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0) (15 mharc)

**compord** gúna scaoilte; gúna scuabach; strapaí cordaí boga; fabraic éadrom fhionnuar; seaicéad neamhfhoirmeálta; t-léine muiníl chruinn; ábhar ionsúiteach; brístí scaoilte; bróga ísle; éasca le caitheamh; is féidir le seaicéad cnaipe/gan chnaipe an leibhéal compord a choigeartú; srl.
**tarraingteacht aeistéitiúil** stíl réchúiseach; cruthaíonn úsáid na mionghnéithe ar mhuineál an ghúna béim; feisteas scaoilte; líne fáithime neamhshiméadrach ar ghúna; is féidir a phéireáil go héasca le seaicéad/cairdeagan/pluid; cuireann pócaí agus muinchillí atá tarraingthe anuas ar sheaicéad béim ar na héadaí; rithim mar gheall ar dhearadh arís agus arís eile sa ghúna, dath mar an gcéanna ar an T-léine agus ar na bróga reatha; srl.
**treochtaí faisin reatha** treochtaí éadaí faiseanta; ní théann seaicéad deinime agus t-léine bhán as dáta; bíonn an-tóir ar bhróga reatha ó thaobh stíl neamhfhoirmeálta agus néata de; an-tóir ar ghúnaí éadroma samhraidh le línte fáithime neamhshiméadracha; léiriú uigeachta le seacainí agus coirníní; srl.

**(ii)** Pléigh an chaoi a mbíonn tionchar ag tosca sóisialta agus eacnamaíocha ar dhearadh agus ar dhéanamh éadaí. (10 marc)

**2 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)**, 1 phointe ar gach ceannteideal**

**tosca sóisialta** na meáin; daoine cáiliúla; tionchairí; imeachtaí sóisialta; an-dúil le go nglacfaidh daoine leat; cúlra cultúrtha; ócáidí; stádas sa tsochaí; suíomh; gairm; srl.
**tosca eacnamaíocha** an méid airgead indiúscartha atá ar fáil; cúlú eacnamaíochta; boilsciú; borradh eacnamaíochta; imeachtaí an domhain; infhaighteacht amhábhar; costas amhábhar; leibhéal an bhonneagair; costais táirgthe; costas an tsaothair; forbairtí teicneolaíochta; dearthóirí cumasacha nua atá ag teacht chun cinn; srl.

**agus**

**2.(b)** 'Is fabraicí in-athnuaite iad fabraicí nádúrtha; rogha mhaith chun maireachtáil go hinbhuanaithe.' (*www.studioheijne.com*)

Scríobh próifíl d'fhabraic atá déanta as snáithíní nádúrtha.
Tagair dóibh seo a leanas:

**Ainm 1 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

- táirgeadh na snáithíní **3 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)
- airíonna na fabraice **3 phointe @ 1 mharc** (grádaithe 1:0)
- tástáil aitheantais. **2 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0) (15 mharc)

**táirgeadh na snáithíní olann** iomra caorach, gabhar, lámaí fásta; lomtha; sórtáilte/grádaithe; glanta; cíortha/cardáilte; daite; sníofa isteach i snáth; srl. **síoda** itheann seiriceáin duilleoga ón gcrann maoildeirge bán; castar cocún síoda; cocún ar maos in uisce; eastóscadh snáithe; daite; snitear isteach i snáth é; srl. **cadás** baintear é ó chochall nó ó cheann síolta an phlanda cadáis, tá na snáithíní 2-3cm ar fad; tá na snáithíní bán agus clúmhach; baintear na cochaill; snáithíní scartha ó na síolta; ansin brúitear isteach i mburlaí iad; déantar an cadás a ghrádú de réir fhad na snáithíní; is féidir na snáithíní seo a chónascadh nó a shníomh isteach ina snáth; srl. **línéadach** déantar é as gas an phlanda lín; tarraingítear gais lín agus báitear iad, cuirtear ar maos iad go dtí go lobhann an gas seachtrach; brúitear na gais agus cíortar iad; déantar snáithíní a shníomh isteach i snáth; déantar an snáth a thuar agus a ruaimniú; fitear isteach iad i bhfabraic uigeach; srl.

**airíonna na fabraice olann** buan; te; bog; ionsúiteach; seasmhach; lag nuair a bhíonn sé fliuch; crapann sé ag teochtaí arda; loisceann sé go héasca; carnann sé agus feiltíonn sé; d'fhéadfadh sé cur isteach ar chraiceann íogair; déanann níocháin míchúramach damáiste dó; déanann leamhain damáiste dó; déanann solas na gréine damáiste dó; déanann ceimiceáin damáiste dó; frithsheasmhach in aghaidh caonaigh agus coinclí; srl. **síoda** láidir; mín; éadrom; tréscaoilteach; ionsúiteach; is furasta é a chrochadh; triomaíonn sé go tapa; frithsheasmhach go measartha in aghaidh filltíní; ní mheallann sé salachar; finíocht mhaith le ruaimeanna; déanann níocháin míchúramach damáiste dó; leamhain; solas na gréine; ceimiceáin; srl. **cadás** láidir; ionsúiteach; fionnuar; is furasta é a ní agus a thriomú; is furasta é a ruaimniú ruaimeanna; crapann sé; tagann filltíní ann; téann coincleach i bhfeidhm air; lagaíonn an ghrian é; srl. **línéadach** láidir; ionsúiteach; fionnuar; níonn sé go maith; tagann filltíní ann go héasca; crapann sé go héasca; is deacair é a ruaimniú; déanann coincleach damáiste dó; srl.

**tástáil aitheantais olann** ní adhnann sé go héasca; caisníonn sé ó lasair sula dtéann sé trí tine; dónn sé go han-mhall; lasair oráiste; toit dhorcha; boladh gruaig ar lasadh/cleití uaidh; nuair a bhaintear as lasair é tagann deireadh leis an dó láithreach; fuinseog chrua dhorcha/bíonn coirnín mar iarmhar; brúitear é ina phúdar go héasca idir na méara; srl. **síoda** ní dhónn sé go maith; caisníonn sé ó lasair; deacracht le hadhaint; cnádaíonn sé seachas lasair fheiceálach a chur amach; nuair a bhaintear as lasair é tagann deireadh leis go tapa; boladh na gruaige ar lasadh/cleití uaidh; coirníní beaga fuinseoige dorcha; brúitear é ina phúdar go héasca idir na méara; srl. **cadás** dónn sé go tapa le lasair bhuí; bíonn boladh air atá cosúil le páipéar dóite; fágann sé luaith liath ina dhiaidh; srl. **línéadach** dónn sé go tapa le lasair bhuí; fágann sé luaith liath ina dhiaidh; srl.

**nó**

**2.(c)** 'Tá ról fós ag an tionscal faisin agus teicstílí i bhforbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch na hÉireann.' (*www.ndcg.ie*)

**(i)** Pléigh teacht chun cinn éadaí fóillíochta mar nós faisin reatha. (6 mharc)

**2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

compord; solúbthacht; marthanacht; éascaíocht gluaiseachta; saor; inoiriúnaitheacht chun feidhme; stíl mhaireachtála níos sláintiúla; stíl neamhfhoirmeálta; spreagann sé aclaíocht; tionchairí; srl.

**(ii)** Ainmnigh dearthóir faisin Éireannach **amháin**. Tabhair breac-chuntas ar an obair atá déanta aige/aici i dtionscal faisin na hÉireann. (9 marc)

**Ainm an dearthóra 1 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)**, obair 2 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

**ainm an dearthóra** John Rocha; Simone Rocha; Philip Tracey; Lainey Keogh; Paul Costelloe; Louise Kennedy; Caroline Donnelly; Orla Kiely; srl.
**obair** éadaí agus giuirléidí a dhearadh le haghaidh teaghlaigh ríoga; daoine mór le rá; ceannairí ar fud an domhain; éadaí agus giuirléidí a dhearadh le haghaidh mórimeachtaí ar fud an domhain; feistis Riverdance; srl.

## Ábhar Roghnach 3 – Staidéar Sóisialta – 80 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an cheist seo **3(a)** agus **3(b) nó 3(c)** a fhreagairt.

**3.(a)** 'Tugann oideachas an deis agus an cumas do dhaoine feabhas a chur ar a saol féin.'
(*www.legalstudymatieral.com*)

**(i)** Pléigh ról an oideachais sa tsochaí.
Tagair don oideachas:

- mar mhodh sóisialaithe
- mar ullmhúchán le dul ag obair. (20 marc)

**5 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)
**(2 phointe ar an modh sóisialaithe, 2 phointe ar ullmhúchán don obair + 1 phointe eile)**

**mar mhodh sóisialaithe** foirmiúil sa seomra ranga; neamhfhoirmiúil trí churaclam folaithe; treisíonn sé na scileanna sóisialta a mhúintear sa bhaile; iompar inghlactha; luachanna cultúrtha; creidimh reiligiúnacha; freagracht; spioradáltacht; poncúlacht; meas ar údarás; comhroinnt agus obair foirne; srl.
**mar ullmhúchán don obair** forbraíonn sé tréithe pearsanta ar a n-áirítear freagracht; iontaofacht; féinsmacht; obair foirne; luachanna; poncúlacht; tinreamh maith; bunscileanna litearthachta agus uimhearthachta a shealbhú; cáilíochtaí foirmiúla a bhaint amach; scileanna agus eolas speisialaithe a fhorbairt; forbraíonn sé sóisialú; tá gné taithí oibre i gceist le cláir oideachais lena n-áirítear an Idirbhliain, ATF, agus GCAT; gairmthreoir; socrúcháin oibre coláiste; srl.

**(ii)** Measúnaigh raon tacaíochtaí oideachais atá ar fáil i scoileanna dara leibhéal do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. (15 mharc)

**3 thacaíocht @ 5 mharc** (grádaithe 5:4:3:2:0)

tacaíocht foghlama/múinteoirí acmhainne; cúntóirí riachtanas speisialta; síceolaí oideachais; Pleananna Oideachais don Dalta Aonair; múinteoir cuairte do dhaltaí a bhfuil lagú amhairc nó éisteachta ag gabháil dóibh; teicneolaíocht chúnta; socruithe réasúnacha do scrúduithe stáit; ranganna ASD le cóimheasa ísle daltaí/múinteoirí; tráthchláir laghdaithe; cúntóirí teanga; léitheoir tumoideachais; teagasc foirne; seomra na gcéadfaí; tacaíocht ó mhadraí; srl.

**(iii)** Déan anailís ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag stádas socheacnamaíoch ar chomhionannas deiseanna san oideachas. (15 mharc)

**3 thoisc @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

costas na leabhar scoile; trealamh; is féidir le héide a bheith róchostasach do theaghlaigh ar ioncam íseal; liúntais éadaí agus coisbhirt don scoilbhliain nua; scéimeanna cíosa leabhar; scéim deontas do scoláirí; cúlra teaghlaigh; bíonn níos mó deiseanna ag leanaí ó stádas eacnamaíoch níos airde chun dul chun cinn san oideachas; claonadh chun leanúint ar aghaidh chuig an tríú leibhéal; scoileanna DEIS; cultúr; suíomh geografach; cúlra baile; srl.

**agus**

**3.(b)** Cé go bhfuil figiúirí dífhostaíochta na hÉireann níos ísle ná mar a bhí riamh, is féidir le roinnt daoine a bheith coinnithe amach as margadh an tsaothair.

**(i)** Sainaithin **trí** ghrúpa daoine a mbíonn deacrachtaí acu obair a fháil agus pléigh an chúis a mbíonn rátaí dífhostaíochta arda ag gach grúpa atá aitheanta. (18 marc)

**3 phointe @ 6 mharc** (grádaithe 6:4:2:0)

**imircigh; grúpaí eitneacha** leibhéal líofachta sa teanga; aitheantas cáilíochtaí; easpa cáilíochtaí; srl.
**luathfhágálaithe scoile** easpa cáilíochtaí foirmiúla; leibhéil ísle litearthachta agus uimhearthachta; srl.
**daoine a bhfuil taifid choiriúla acu**; easpa iontaoibhe srl.
**daoine a bhfuil tinnis; míchumas orthu; daoine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu;** níl siad in ann an obair a chríochnú go fisiciúil, ó thaobh meabhrach de nó go mothúchánach; déantar leithcheal orthu; bíonn deacrachtaí acu ó thaobh iompair de; srl.
**daoine gan dídean** easpa rochtana ar áiseanna cumarsáide; déantar leithcheal orthu; easpa éadaí oiriúnacha, easpa áiseanna cithfholctha; srl.
**daoine dífhostaithe go fadtéarmach** scileanna as dáta; srl.

**(i)** Ainmnigh tionscnamh pobalbhunaithe **amháin** a chabhraíonn chun fostaíocht a chruthú agus tabhair sonraí faoin tionscamh sin. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)
**Ainm 1 @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)**, mínigh 2 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

**comharchumainn** curtha ar bun ag grúpa daoine a thiomsaíonn a n-acmhainní, a scileanna agus a n-eolas chun earraí agus seirbhísí a sholáthar ar mhaithe le freastal ar riachtanais a mball; is féidir iad a bhunú in earnáil na talmhaíochta, in earnáil na hiascaireachta, in earnáil na gairneoireachta, comhair thithíochta agus chreidmheasa; tugtar gach brabús tar éis na billí a íoc agus airgead a leagan síos le haghaidh oibríochtaí ar ais do na baill; srl.
**tionscail tinteáin** tá méadú orthu le blianta beaga anuas; tionscail ar scála beag a chruthaíonn earraí baile seachas earraí monarchan; is táirgí ar leith iad na táirgí a tháirgtear uathúil agus táirgtear iad ar cháilíocht níos fearr i gcomparáid le hearraí comhionanna olltáirgthe; táirgeoirí bia ceardaithe, déantóirí seodra, ceardaíocht, saothar ealaíne; srl. **Glactar le** margaí feirmeoirí; táirgeoirí ceardaithe; scoileanna áitiúla; caifé pobail; srl.

**nó**

**3.(c)** 'Níl am fóillíochta diomailteach ná neamhthorthúil mar úsáid ama; tá tairbhí forleithne i gceist leis. (*www.physologytoday.com*)

**(i)** Measúnaigh an chaoi ar féidir le gníomhaíochtaí fóillíochta aonair agus teaghlaigh cur le forbairt fhisiciúil, shóisialta agus mhothúchánach na mball teaghlaigh. (18 marc)

**3 phointe @ 6 mharc** (grádaithe 6:4:2:0)

**(1 tagairt d'fhorbairt fhisiciúil, 1 tagairt d'fhorbairt shóisialta,1 tagairt d'fhorbairt mhothúchánach)**

**forbairt fhisiciúil** cabhrú le haclaíocht fhisiceach; neart agus tónas matán a fhorbairt; leibhéil fuinnimh a mhéadú; meáchan a rialú; dlús cnámh a chothú; leibhéil struis a laghdú; dea-shláinte ghinearálta a chothú; comhordú lámh is súl; scileanna inaistrithe; srl.
**forbairt shóisialta** ionaid shóisialta chun bualadh le daoine; caidrimh níos láidre a fhorbairt; bualadh le daoine nua a bhfuil na spéiseanna céanna acu; cairdeas nua a fhorbairt; scileanna cumarsáide inaistrithe a fhorbairt; obair foirne agus scileanna ceannaireachta; cosc a chur ar uaigneas, leadrán, aonrú, dúlagar; srl.
**forbairt mhothúchánach** do scíth a ligean agus cúrsaí a thógáil go deas réidh; suaimhneas intinne; cinnteoireacht a fheabhsú; feabhas a chur ar fholláine mhothúchánach; dul i ngleic le rath agus teip; féinmheas a threisiú; muintearas a chothú; scileanna oibre foirne agus ceannaireachta a fhorbairt; srl.

**(ii)** Déan anailís ar na tosca sóisialta agus cultúrtha a mbíonn tionchar acu ar rogha gníomhaíochtaí fóillíochta an duine. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

**1 tagairt do thosca sóisialta, 1 tagairt do thosca cultúrtha & 1 phointe eile**

**tosca sóisialta** gníomhaíochtaí fóillíochta maidir leis an ngrúpa socheacnamaíoch a mbaineann tú leo; stádas; taitneamhachtaí áitiúla sa cheantar; airgead/ioncam; treochtaí fóillíochta; tionchar daoine cáiliúla/tionchairí; srl.
**tosca cultúrtha** gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann le ceantair/contaetha/tíortha ar leith; timpeallacht nó cultúr an teaghlaigh; cultúr spóirt an phobail; cultúr rince an phobail; tá réimse níos leithne ghníomhaíochtaí fóillíochta ar fáil mar thoradh ar a Ilchultúrtha agus atá Éire; srl.

## Ceist 4 – Croí-ábhar – 80 marc

Ní mór d'iarrthóirí a roghnaíonn an cheist seo **4(a)** agus **4(b) nó 4(c)** a fhreagairt.

**4.(a)** 'Tá saillte riachtanach le haghaidh na sláinte; ach tá sé ríthábhachtach na cineálacha cearta agus an méid ceart a roghnú.' (*www.fsai.ie*)

**(i)** Measúnaigh an tábhacht chothaithe a bhaineann le saillte agus le holaí sa réim bhia. (20 marc)

**5 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:3:2:1:0)

**próitéin** rianmhéideanna phróitéin ALB in im agus margairín; tá easpa próitéine in olaí; riachtanach le haghaidh fáis agus deisiú cealla; táirgeadh hormón agus antasubstaintí; srl.
**saill** 82% saill in im go dtí 99.9% saill in olaí, tá saill sháithithe ar fáil i saillte ime agus ainmhithe-bhunaithe; tá saill mhonai-neamhsháithithe ar fáil in ola olóige; tá saill il-neamhsháithithe in olaí plandúla agus cnó; tá colaistéaról LPÍD ar fáil i saillte ainmhithe-bhunaithe; tá colaistéaról LPAD ar fáil in olaí glasraí agus cnó-bhunaithe; teas agus fuinneamh; déantar an farasbarr a stóráil mar fhíochán saille agus soláthraíonn sé insliú; cosaint na n-orgán íogair; foinse Vitimíní A, D, E, K; srl.
**carbaihiodráití** (tá rianmhéid ar fáil i ngeir) easnamhach i gcarbaihiodráití, seirbheáil le bia atá saibhir ó thaobh carbaihiodráití de; srl.
**Vitimín A** (reiteanól) ag teastáil chun ródoipsin a tháirgeadh; craiceann sláintiúil a chinntiú; srl.
**Vitimín D** ag teastáil chun cnámha agus fiacla láidre a fhorbairt; srl. **Vitimín E** rianmhéideanna; frithocsaídeach; cuireann sé cosc ar ghalair súl i leanaí réamhaibí; srl.
**cailciam** rianmhéideanna in im agus margairín; ag teastáil chun cnámha agus fiacla láidre a fhorbairt; crapthaí matáin; téachtadh fola; ríoga néaróige; srl. **sóidiam** is féidir é a chur le him agus margairín ar mhaithe le leasú agus le blas a chur leis; ag teastáil le haghaidh crapthaí matáin; cothromaíocht leachtanna; ríoga néaróige; srl.
**uisce** tá an t-ábhar i gcomhréir le cion saille; hiodráitiú; srl.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna atá i gceist le margairín a tháirgeadh agus bíodh mionsonraí faoi phacáistiú agus lipéadú san áireamh agat. (15 mharc)

**5 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0) **(**tá an pointe faoin **hidriginiú** pointe riachtanach**)**
**Pacáistiú agus lipéadú 5 phointe @ 1 mharc** (grádaithe 1:0),

**eastóscadh ola** déantar ola a eastóscadh ó fhoinsí éagsúla (soighe, lus na gréine, síol ráibe, ológa, saill mhairteola, ola míolta móra); déantar é a scagadh chun eisíontais a bhaint; srl.
**hidriginiú** déantar gás hidrigine a fhórsáil isteach san ola neamhsháithithe ag na bannaí dúbailte i láthair catalaíoch nicile; athraíonn ola leachta neamhsháithithe ina saill sháithithe leathsholadach; déantar olaí éagsúla a chumasc bunaithe ar airíonna inmhianaithe; srl.
**comhábhair eile a chuirtear leis** bainne bearrtha; uisce; salann; dathúcháin; blastáin; Vitimín A; Vitimín D; srl.
**eiblitheoireacht** cuirtear leicitin, gníomhaire eiblithe leis chun cosc a chur ar scaradh na saille agus na leachtanna; srl.
**maistreadh** maistríonn vótadóir na comhábhair ola agus uisce-bhunaithe; foirmíonn eibleacht; srl.
**meáite** sciartha miondíola/lónadóireachta; srl.
**pacáistiú** clúdach le scragall; tobáin phlaisteacha; srl.
**lipéadú** ainm branda; cineál margairín; comhábhair; faisnéis ailléirge; dáta éaga; treoracha stórála; meáchan; faisnéis chothúcháin; srl.

**(iii)** Measúnaigh na himpleachtaí sláinte do dhuine a itheann a lán saill sháithithe ina réim bhia. (15 mharc)

**3 impleacht sláinte @ 5 mharc** (grádaithe 5:4:3:2:1:0)

**murtall** is féidir le hithe rialta bianna atá ard ó thaobh saille de a bheith ina chúis le meáchan a chur suas; sáraíonn an t-ionchur fuinnimh an t-aschur fuinnimh; tá fuinneamh dlúth le fáil i mbianna ina bhfuil go leor saille agus mura ndóitear an farasbarr calraí, athraíonn siad ina bhfíochán saille; srl. **galar corónach croí** tagann méadú ar cholaistéaról LPÍD sna hartairí, rud a chuireann brú ar an gcroí; is féidir bac a chur ar artairí, rud is cúis le taom croí nó stróc; srl. **ardbhrú fola** méadóidh an iomarca saill sháithithe leibhéil cholaistéaról LPÍD san fhuil, rud a mhéadaíonn sna hartairí a chaolaíonn iad, rud a mhéadaíonn brú fola duine; srl. **diaibéiteas chineál 2** fágann meáchan breise nach mbíonn an inslin baileach chomh héifeachtach chun siúcra a bhriseadh síos ina ghlúcós; tá leibhéil siúcra fola ard fós; srl. **clocha domlais** foirmíonn clocha beaga atá déanta as colaistéaról, líocha domlais agus salainn chailciam i máilín an domlais; srl. **féith bhorrtha** déanann brú ó shaill choirp bhreise dochar do na féitheacha sna cosa; srl. **neamhthorthúlacht** má tháirgeann mná róthroma nó murtallacha níos mó leiptin, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar chothromaíocht hormónach a rialaíonn an timthriall míosta; i gcás na bhfear, déantar damáiste ADN i speirm; srl.

**agus**

**4.(b)** Imríonn úsáid acmhainní tí ról luachmhar sa saol ó lá go lá.

**(i)** Measúnaigh na critéir roghnúcháin is cóir a chur san áireamh nuair atá teicstílí tí á roghnú. (12 mharc)

**3 phointe @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

costas; oiriúnacht don chuspóir/do na hairíonna; tarraingteacht aeistéitiúil/rogha phearsanta; éascaíocht ghlantacháin; sábháilteacht; treochtaí reatha; marthanacht; bailchríocha; inbhuanaitheacht; srl.

**(ii)** Leag amach mionsonraí de staidéar a rinne tú ar chineál **amháin** fearais leictrigh ina bhfuil mótar. (18 marc)
Tagair dóibh seo a leanas:

**Ainm 1 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:0)

**Glactar le** gach fearas tí le mótair, léaráidí lipéadaithe le haghaidh prionsabail oibre

- an prionsabal oibre **3 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

an leictreachas is cúis le hoibriú an mhótair; is é is cúis le hiompú an chreasa sa bhun; an crios is cúis le rothlú na gcodanna ag ardluais; déanann páirteanna feidhm shonrach; tá córas glasála sábháilteachta i gceist le roinnt fearas; coinníonn teirmeastat an teocht seasmhach; srl.

- na treoirlínte le húsáid **3 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

úsáid na baill chearta don fheidhm atá ag teastáil; ná cuir thar maoil é; múch é go rialta chun róthéamh a sheachaint; úsáid gnéithe sábháilteachta; srl.

- an éifeachtúlacht fuinnimh. **2 phointe @ 2 mharc** (grádaithe 2:1:0)

ná cuir thar maoil é; roghnaigh fearais mhóra rátáil A; nach cuir ar siúl é ar feadh tréimhsí fada; smaoinigh ar mhéid an fhearais; nigh ag teochtaí níos ísle; srl.

**nó**

**4.(c)** 'Cuireann an tástáil anailíse céadfaí eolas luachmhar, léirsteanach ar fáil d'fhorbróirí agus do chuideachtaí bia.' (*www.intertek.com*)

**(i)** Déan cur síos ar na coinníollacha is gá a leanúint nuair atá tástáil anailíse céadfaí á cur i gcrích sa seomra ranga lena chinntiú go mbaintear amach torthaí beachta. (15 mharc)

**5 phointe @ 3 mharc** (grádaithe 3:2:0)

ciúnas sa limistéar tástála; uainiú; suíomh; soilsiú; glantóir carbaill; aeráil; eagraithe tástála; coinníollacha speisialta aiste bia; sláinteachas; sábháilteacht bia; coimeádáin; samplaí bia; teocht; códú samplaí; líon na samplaí; socrú na dtráidirí; srl.

**(ii)** Measúnaigh ról na dtáirgeoirí/na ngnólachtaí beaga ceardaí i dtionscal bia na hÉireann. (15 mharc)

**3 phointe @ 5 mharc** (grádaithe 5:3:0)

déantar sainbhianna a tháirgeadh i gcainníochtaí teoranta; úsáid scileanna traidisiúnta neamhthionsclaíocha; tá go leor acu á rith ag teaghlaigh; lonnaithe i gceantair thuaithe; fostaíocht a chur ar fáil do dhaoine áitiúla; lucht saothair oilte a thabhairt isteach sa mhargadh; sainbhianna ar ardchaighdeán a tháirgeadh; ardchaighdeáin sláinteachais a chur i bhfeidhm; an ceantar áitiúil a chur chun cinn; feabhas a chur ar cháil na hÉireann mar tháirgeoir bia agus dí ar ardchaighdeán; blasanna nádúrtha; freastal ar aistí bia speisialta; inbhuanaitheacht a chur chun cinn; srl.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 320 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 320 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 240 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 241 - 243 | 23 |
| 244 - 246 | 22 |
| 247 - 250 | 21 |
| 251 - 253 | 20 |
| 254 - 256 | 19 |
| 257 - 260 | 18 |
| 261 - 263 | 17 |
| 264 - 266 | 16 |
| 267 - 270 | 15 |
| 271 - 273 | 14 |
| 274 - 276 | 13 |
| 277 - 280 | 12 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 281 - 283 | 11 |
| 284 - 286 | 10 |
| 287 - 290 | 9 |
| 291 - 293 | 8 |
| 294 - 296 | 7 |
| 297 - 300 | 6 |
| 301 - 303 | 5 |
| 304 - 306 | 4 |
| 307 - 310 | 3 |
| 311 - 313 | 2 |
| 314 - 316 | 1 |
| 317 - 320 | 0 |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 280 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 280 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 210 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 211 - 213 | 20 |
| 214 - 216 | 19 |
| 217 - 220 | 18 |
| 221 - 223 | 17 |
| 224 - 226 | 16 |
| 227 - 230 | 15 |
| 231 - 233 | 14 |
| 234 - 236 | 13 |
| 237 - 240 | 12 |
| 241 - 243 | 11 |
| 244 - 246 | 10 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 247 - 250 | 9 |
| 251 - 253 | 8 |
| 254 - 256 | 7 |
| 257 - 260 | 6 |
| 261 - 263 | 5 |
| 264 - 266 | 4 |
| 267 - 270 | 3 |
| 271 - 273 | 2 |
| 274 - 276 | 1 |
| 277 - 280 | 0 |
| | |

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Eacnamaíocht Bhaile – Eolaíoch agus Sóisialta

# Obair Chúrsa sa Staidéar Bia

# Aistriúchán ar Scéim Mharcála

*Agus na scéimeanna marcála á bhforbairt, ba chóir an méid seo a leanas a thabhairt faoi deara:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d’fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt. Caithfear faisnéis a chur i láthair faoi na cinnteidil cuí.*

**Tábla na nGrád**

| Grád | Bandaí |
|---|---|
| 1 | 144-160 |
| 2 | 128-143 |
| 3 | 112-127 |
| 4 | 96-111 |
| 5 | 80-95 |
| 6 | 64-79 |
| 7 | 48-63 |
| 8 | Less than 47 |

| **Fiosrúchán: Anailís / Taighde.** | **32 marc** |
|---|---|

**Taighde agus anailís** **(24 marc)**

***Banda A 19 - 24 marc*** (*an-mhaith - ar fheabhas*)
***Fiosrúchán***
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht chríochnúil*** *agus* ***anailís chuimsitheach*** *ar na saincheisteanna* ***go léir*** *agus ar na cúinsí a bhaineann go díreach le príomhriachtanais an taisc*
- *atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón thaighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda B 13 - 18 marc*** (*an-ábalta - go maith*)
***Fiosrúchán***
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *agus roinnt* ***anailíse*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *atá cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón thaighde mar bhonn leis na roghanna cuí nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda C 7 - 12 mharc*** (*bunúsach - ábalta*)
***Fiosrúchán***
- *ina bhfuil fianaise go ndearnadh* ***taiscéalaíocht*** *ar na saincheisteanna agus ar na cúinsí a bhaineann go ginearálta le príomhriachtanais an taisc*
- *atá réasúnta cruinn, bunaithe ar raon foinsí agus curtha i láthair go comhleanúnach*
- *ina baintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

***Banda D 0 - 6 mharc*** (*an-bhunúsach - teoranta*)
***Fiosrúchán***
- *ina bhfuil fianaise ar* ***thuiscint an-bhunúsach theoranta*** *ar phríomhriachtanais an taisc*
- *ina bhfuil cuid den eolas nó an t-iomlán de* ***éiginnte agus gan ach cuid de cruinn****, easpa comhleanúnachais sa chur i láthair*
- *ina mbaintear úsáid as fianaise ón taighde mar bhonn leis na roghanna nuair a bhíonn biachláir/miasa/táirgí á roghnú.*

**Gach Tasc:** *biachlár do lá áirithe/béilí 2 chúrsa/1 mhias/2 mhias/2 tháirge.* **(4 mharc)**

***Más rud é nach ndéantar fiosrúchán faoin mias a ullmhaítear*** *-1/-2/-4 mharc san fhiosrúchán.*
(biachlár: *cúrsa tosaigh/milseog = 1 mharc, príomhchúrsa = 1 mharc*)

*béilí/miasa/táirgí oiriúnacha agus aird á tabhairt ar chúinsí a aithníodh agus a ndearnadh anailís orthu san fhiosrúchán*

***Ní mór biachláir/príomhchúrsa/miasa a bheith cothromaithe*** *– glac le 3 cinn as 4 ghrúpa bia*

**Foinsí:** ***2 fhoinse @ 2 mharc*** (grádaithe 2:1:0) **(4 mharc)**

| **Pleanáil agus Ullmhúchán** | **8 marc** |
|---|---|

**Acmhainní:**
- comhábhair (*2 mharc*), cainníochtaí (*2 mharc*), costáil (*2 mharc*), trealamh (*2 mharc*)
- Réimse Cleachtais E – táirge/táirgí (*2 mharc*), trealamh (*6 mharc*)

| **Cur i bhFeidhm** | **28 marc** |
|---|---|

Breac-chuntas ar an modh oibre a leanadh ar a n-áirítear próisis ullmhaithe bia, am cócaireachta, teocht, (glac le fiuchadh/suanbhruith anseo) riar/cur i láthair, blaiseadh/measúnú. **(16 mharc)**
(*Ba choir go mbeadh an t-eolas/an cuntas i bhfocail an iarrthóra féin*)
***Banda A 13 - 16 mharc*** (*an-mhaith - ar fheabhas*)
*Aithnítear **gach céim riachtanach** in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad i bhfocail an iarrthóra féin, san ord ceart agus tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*
***Banda B 9 - 12 mharc*** (*an-ábalta - go maith*)
*Aithnítear **formhór na gcéimeanna riachtanacha** in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*
***Banda C 5 - 8 marc*** (*bunúsach - ábalta*)
*Aithnítear **roinnt céimeanna riachtanacha** in ullmhúchán na méise, déantar achoimre orthu agus cuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*
***Banda D 1 - 4 mharc*** (*an-bhunúsach - teoranta*)
*Ní aithnítear **aon cheann de na céimeanna riachtanacha** in ullmhúchán na méise, nó ní aithnítear ach **beagán díobh**, ní dhéantar achoimre orthu ná ní chuirtear i láthair iad san ord ceart le tagairt cheart do phróiseas/phróisis ullmhaithe bia c(h)uí ar baineadh úsáid as/astu.*

- **Na príomhchúinsí a cuireadh san áireamh 2 *phointe @ 4 mharc* (grádaithe 4:2:0)** **(8marc)**
  (caithfidh baint a bheith acu leis an mias/tástáil áirithe)
- ***Aithint*** (*2 mharc*) *agus **míniú soiléir ar thábhacht*** (*2 mharc*) ***dhá chúinse** a cuireadh san áireamh a raibh baint **chriticiúil acu leis an gcaoi ar éirigh leis an mias**.*

**Sábháilteacht/sláinteachas** ***2 phointe @ 2 mharc*** **(grádaithe 2:1:0)** **(4 mharc)**
(caithfidh baint a bheith acu le comhábhair áirithe atá in úsáid/leis an mias atá á cócaráil)
***Aithint*** (*1mharc*) *agus míniú* (*1 mharc*) *ar príomh-shaincheist sábháilteachta **amháin agus** an phríomh-shaincheist **amháin** a cuireadh san áireamh nuair a bhí an mhias á hullmhú agus á cócaráil/an tástáil á dhéanamh.*

| **Measúnúchán** | ***3 phointe @ 4 mharc*** | **(12 mharc)** |
|---|---|---|

An tasc a mheasúnú de réir na dtéarmaí seo a leanas: (grádaithe 4:3:2:0)
**Cur i bhfeidhm**
***Banda A - 4 mharc*** - *aithníodh agus rinneadh anailís ar láidreachtaí/dúshláin sainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh mionathruithe go soiléir nuair a moladh iad, rinneadh anailís chriticiúil ar úsáid acmhainní/ar phleanáil.*
***Banda B - 3 mharc*** - *aithníodh láidreachtaí/dúshláin sainiúla nuair a bhí an tasc á dhéanamh, cosnaíodh méid áirithe na mionathruithe a moladh, rinneadh anailís theoranta ar úsáid acmhainní/ar phleanáil.*
***Banda C - 2 mharc*** - *rinneadh iarracht éigin láidreachtaí/dúshláin a aithint nuair a bhí an tasc á dhéanamh, níor cosnaíodh mionathruithe nuair a moladh iad, rinneadh tagairt d'úsáid acmhainní/do phleanáil.*
**Sainriachtanais** an taisc
***Banda A - 4 mharc*** - *tarraingítear conclúidí eolasacha i ndáil le príomhriachtanais an taisc.*
***Banda B - 3 mharc*** - *tarraingítear conclúidí teoranta i ndáil le príomhriachtanais an taisc.*
***Banda C - 2 mharc*** - *déantar achoimre ar thorthaí i ndáil leis an tasc*

**Tasc 1**

*Is féidir tionchar dearfach ar shláinte na máthar agus an linbh a bheith ag roghanna maithe cothaithe le linn thréimhse an toirchis, an tráth sin agus san am atá le teacht.*
(*Institiúid na nObstatraithe & na nGínéiceolaithe, FSS*)

Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaithe agus ar na treoirlínte i gcomhair pleanáil béilí is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do mhná atá ag iompar clainne.

Agus na tosca a d'aithin tú i do chuid taighde á gcur san áireamh agat, mol réimse de bhiachláir dhá chúrsa a bheadh oiriúnach do phríomhbhéile an lae don ghrúpa seo daoine.

Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann amháin de na príomhchúrsaí ó do chuid taighde.
Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc.
2024

**Príomhriachtanais an taisc:**
- *riachtanais chothaithe/chothaitheach nuair a* ***bhíonn mná ag iompar clainne***
- *treoirlínte ábhartha i gcomhair phleanáil béilí le sainthagairt do* ***mhná ag iompar clainne***

➢ *réimse biachlár* (*dhá chúrsa*) *a bheadh oiriúnach mar phríomhbhéile an lae*

**Fiosrúchán**

**Riachtanais chothaithe/chothaitheacha:** *cothromaíocht chothaitheach; treoirlínte reatha cothaitheacha maidir le hiontógáil cothaitheach agus bia; riachtanais laethúla de mhicrea/mhacrachothaithigh agus riachtanais phróitéine/carbaihiodráite/saille/iarainn/ cailciam mar is cuí do mhná ag iompar clainne; iontógáil liúntas laethúil / tagartha a mholtar; idirghaol mianraí agus vitimíní m.sh., Vitimín C/ionsú iarainn; Vitimín D/ionsú cailciam; iontógáil cheart de Vitimín A; Vitimín K; Vitimín E; Vitimín B12; Fóláit/Aigéad Fólach; Iaidín; Aigéid Shailleacha Óimige 3; snáithín a mhéadú; iontógáil fuinnimh taobh le leibhéil ghníomhaíochta agus céim an toirchis; agus ar eile.*

**Treoirlínte pleanála do bhéilí:** *úsáid phirimide bia le cothromaíocht a chinntiú; rudaí a thaitníonn/nach dtaitníonn go pearsanta; athruithe sa bhlas agus sna haimirní; codanna beaga toise; úsáid an iomarca caiféine a sheachaint; íogair do bholadh; tig le bianna le saill ard, blaistithe go hard, siúcra ard agus bianna spíosracha scaoileadh an t-aigéad goile a chur ar siúl as a dtagann an masmas / tinneas maidine; bainne fuar agus iógart don dó croí; cuir sinséar le bianna / deochanna; seachain bianna/deochanna le saill ard sáithithe, salann agus siúcra; cuimsigh torthaí agus glasraí úra; nigh torthaí, glasraí agus sailéid; cuimsigh bianna le snáithín ard; cuimsigh úsáid salainn chomh híseal is féidir; cuimsigh bianna neamhbhlasta. m.sh., craicir/tósta tirime; béilí níos lú i dtreo dheireadh an toirchis; bianna treisithe; seachain bianna le cileacalraí folmha .i. siúcra ard, féadann diaibéiteas teacht as; seachain an mhaonáis bhaile; uachtar reoite baile; bainne agus cáiseanna neamhphaistéartha; paté; agus ar eile. seachain uibheacha bogbhruite/uisciúla; seachain sailéid réamhullmhaithe; seachain an sushi a ithe; seachain éisc réamhbhruite & deataithe; seachain béilí a chailliúint; pátrúin iteacháin rialta; éagsúlacht bhianna; roghanna bianna sláintiúla; modhanna cócaireachta sláintiúla; iontógáil sásúil deochanna; smaoinigh ar shláinteachas bia; smaoinigh ar ailléirgí; smaoinigh ar réimeanna bia ar leith; agus ar eile.*

- **Miasa roghnaithe - réimse biachlár dhá chúrsa do phríomhbhéile an lae**
  (grádaithe 4:3:2:1:0)
- **ní mór riachtanais chothaithe do mhná ag iompar clainne a shásamh**

- **ní mór príomhchúrsa a bheith ann**

**Measúnúchán (a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc.
*Anailís na dtátal maidir le riachtanais chothaithe/chothaitheach nuair a bhíonn mná ag iompar clainne. Treoirlínte i gcomhair phleanáil béilí – réimse bianna/mias a oireann nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do mhná ag iompar clainne, conas mar a chomhlíonann an mhias roghnaithe na riachtanais mar a aithnítear iad san fhiosrúchán.*

**Tasc 2**

| |
|---|
| *Tá an galar croí agus an stróc ar phríomhchúiseanna an bháis ar fud an domhain; ach is féidir 80% díobh a chosc má dhéantar roghanna sláintiúla i dtaca le stíl mhaireachtála de agus má leantar de na roghanna sin ar feadh an tsaoil. (Foras Croí na hÉireann)* <br> Agus tú ag tagairt don ráiteas seo, déan taighde **(i)** ar na tosca riosca a bhaineann le galar cardashoithíoch a fháil agus **(ii)** ar na ceisteanna i dtaca le stíl mhaireachtála de is gá a chur san áireamh chun córas sláintiúil croí agus cardashoithíoch a chur chun cinn. <br> Déan taighde agus mionléiriú ar na riachtanais chothaithe agus ar na tosca is cóir a chur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do dhaoine atá buartha faoina sláinte chardashoithíoch. <br> Agus na tosca a d'aithin tú i do chuid taighde á gcur san áireamh agat, mol réimse de bhiachláir dhá chúrsa a bheadh oiriúnach do phríomhbhéile an lae don ghrúpa seo daoine. <br> Ullmhaigh, cócaráil agus riar ceann amháin de na príomhchúrsaí ó do chuid taighde. <br> Déan an tasc a mheasúnú i dtaca (a) lena chur i bhfeidhm agus (b) le riachtanais shainiúla an taisc. 2024 |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *fachtóirí riosca a bhaineann le **galar cardashoithíoch** a fháil*
- *cúrsaí stíl mhaireachtála a theastaíonn **chun croí agus córas cardashoithíoch sláintiúil a chur chun tosaigh***
- *riachtanais chothaithe/chothaitheach **do dhaoine atá imníoch faoina sláinte cardashoithíoch***
- *fachtóirí le cur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú **do dhaoine atá imníoch faoina sláinte cardashoithíoch***

➢ *réimse biachlár dhá chúrsa a oireann do phríomhbhéile an lae*

**Fiosrúchán**

**Fachtóirí Riosca:** *stair clainne; aois – méadú sna daoine thar 50; inscne; hipirtheannas; diaibéitis; LDL ard colaistéaról; caitheamh/cogaint tobac; úsáid an iomarca alcóil; easpa cleachtaidh; galar ae/ duáin; réim bia mífholláin; - saill ard sáithithe, tras-sailleach, siúcra, salann; róthrom, murtall; strus; agus ar eile.*

**Cúrsaí stíl mhaireachtála a theastaíonn chun croí agus córas cardashoithíoch sláintiúil a chur chun tosaigh:** *éirí as tobac a chaitheamh; ísligh strus; méadaigh cleachtadh fisiciúil; 150+ nóiméad gníomhaíocht mheasartha sa tseachtain; coinnigh meáchan sláintiúil; laghdaigh iontógáil alcóil; ísligh iontógáil aigéad sáithithe agus tras-sailleach; méadaigh iontógáil óimige 3; ísligh iontógáil LDL colaistéaról; méadaigh iontógáil HDL colaistéaról; Ísligh iontógáil salainn, siúcra; iontógáil snáithín; agus ar eile.*

**Riachtanais chothaithe/chothaitheach:** *cothromaíocht chothaitheach; treoirlínte reatha re iontógáil cothaitheach agus bia; riachtanais laethúla de mhicrea/mhacrachothaithigh agus riachtanais phróitéine/carbaihiodráite/saille/iarainn/cailciam mar is cuí do dhaoine imníoch faoina sláinte cardashoithíoch; idirghaol idir mianraí agus vitimíní; e.g. ionsú iarainn/Vitimín C; ionsú cailciam/Vitimín D; méadaigh snáithín; sailleacha polaineamhsháithithe; aigéid shailleacha óimige 3; laghdaigh iontógáil salainn; cothrom fuinnimh taobh le leibhéil ghníomhaíochta; agus ar eile.*

**Fachtóirí le cur san áireamh nuair a bhíonn béilí á bpleanáil agus á n-ullmhú:** *úsáid a bhaint as pirimid bia le cothromaíocht a chinntiú; cothromaigh iontógáil bia le gníomhaíocht fhisiciúil; seachain béilí a chailliúint; laghdaigh iontógáil salainn; íseal I salann / salann ar bith; seachain bianna maothaithe faoi sháile; seachain bianna gasta; scrúdaigh lipéid bhianna; laghdaigh sailleacha sáithithe agus tras-shailleach; foinsí próitéine gan saill; roghnaigh sicín agus iasc thar fheoil dhearg; laghdaigh úsáid bianna hidriginithe nó*

*leathhidriginithe; méadaigh sailleacha polaineamhsháithithe; méadaigh snáithín; laghdaigh carbaihiodtáití mínphróiseáilte; méadaigh torthaí agus glasraí úra; seachain bianna LDL colaistéaról; modhanna sláintiúla cócaireachta ar bheagán saille; seachain bianna le siúcra ard; féach ar méid an sciar; úsáid luibheanna agus spíosraí in ionad salainn; cuir bianna feidhmiúla san áireamh; seachain anlainn uachtarbhunach; roghnaigh táirgí ar bheagán saille/ saill laghdaithe; seachain anlainn réamhdhéanta, meascáin; seachain cnónna saillte; agus ar eile.*

**Miasa roghnaithe - réimse biachlár dhá chúrsa do phríomhbheile an lae** (grádaithe. 4:3:2:1: 0)

- **ní mór na riachtanais chothaithe/chothaitheach a chomhlíonadh do dhaoine atá imníoch faoina sláinte cardashoithíoch**
- **ní mór príomhchúrsa a bheith ann**

**Measúnúchán (a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le riachtanais shainiúla an taisc.
Anailís na dtátal ón taighde maidir le riachtanais *chothaithe/chothaitheach* daoine atá imníoch faoina sláinte *cardashoithíoch*. *Treoirlínte do phleanáil béilí- réimse bianna/ mias atá oiriúnach nuair a bhíonn béilí á bpleanáil do dhaoine atá imníoch faoina sláinte cardashoithíoch, conas mar a chomhlíonann an mhias na riachtanais mar a aithnítear iad san fhiosrúchán agus ar eile.*

**Tasc 3**

*Cuidíonn próiseálaithe bia lena lán bia-ábhar a ullmhú agus laghdaíonn siad na héilimh fhisiciúla a bhaineann le hullmhú bia.*

Déan taighde ar phróiseálaithe bia i dtaca leis na nithe seo:

- na cineálacha, na brandaí agus na forbhaill (giuirléidí)
- feidhmeanna éagsúla an phróiseálaí bia
- miasa (milis agus neamh-mhilis) is féidir a ullmhú próiseálaí bia in úsáid
- na príomhphointí atá le leanúint agus próiseálaí bia in úsáid, ceisteanna sábháilteachta san áireamh.

Agus próiseálaí bia in úsáid agat, ullmhaigh, cócaráil agus riar mias amháin a ndearna tú taighde uirthi.

Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** leis na buntáistí agus/nó na míbhuntáistí a bhaineann le próiseálaí bia a úsáid. 2024

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *taighde ar phróiseálaithe bia i dtaca leis na nithe seo: na cineálacha, na brandaí agus na forbhaill*
- *feidhmeanna éagsúla an phróiseálaí bia*
- *miasa (milis agus neamh-mhilis) is féidir a ullmhú agus próiseálaí bia in úsáid*
- *na príomhphointí atá le leanúint agus próiseálaí bia in úsáid, ceisteanna sábháilteachta san áireamh*

➢ *mias roghnaithe*

**Fiosrúchán**

**Cineálacha:** *próiseálaithe bia le cumascóir crúiscín /déantóir caoineog/ leachtaitheoir/súire torthaí; dlúth nó mionghearrthóir/próiseálaithe; próiseálaithe móra bia; agus ar eile.*

**Brandaí:** *Bosch, Braun; Cuisinart; Logik; Philips; Kitchen aid; Kenwood; Russell Hobbs; Ninja; Magimix; Sage; VonShef; Morphy Richards; Nutri bullet; Gordon Ramsay; James Martin; agus ar eile.*

**Forbhaill:** *lann mionghearradh/measctha; dioscaí garbh/mín grátála/mionstialladh; dioscaí slisnithe garbh mín; diosca julienne; diosca scealladh; diosca gráinnithe/ raspa; greadtóir giaráilte; uirlis taois; uirlis fhillte; muilleáil; cantaoir chitris; súire lártheifeach; forbhall scamhacháin; diosca eiblitheach; leachtaitheoir; téastar is mó cumaisc; meilteoir agus ar eile.*

**Úsáid:** *grátáil; mionstialladh; slisniú; mionghearradh/dísliú; déanamh julienne/ sliseadh; fuineadh taois; téachtadh ina uachtar/greadadh; meascadh; déanamh súlaigh; meascadh /déanamh purée; déanamh brúitín; agus ar eile.*

**Miasa:** *aráin; scónaí; brioscaí; cácaí; toirtíní; meireangaí; pancóga; mionbhruar torthaí; píotsaí; pióigíní feola / glasraí; curaithe; pióg aoire; cácaí éisc; fillteoga éisc/sicín; falafel; cuitséisí; uibheagáin; ratatúí; suaithfhriochtaí; anraithí; agus ar eile.*

**Príomhphointí atá le leanúint agus próiseálaí bia in úsáid, ceisteanna sábháilteachta san áireamh:** *cuir an próiseálaí le chéile i gceart; roghnaigh an forbhall ceart don tasc; láimhseáil lanna/dioscaí go cúramach; cuir an clár faoi ghlas ina áit sula dtosaíonn an meaisín; úsáid luas íseal ar dtús agus nuair a chuirtear comhábhair triomaithe isteach; bíodh sailleacha ag teocht an tseomra nó bogtha sula gcuirtear isteach iad; úsáid sciath frithstealltа nuair a mheasctar plúr, siúcra reoáin; bain an sciath frithstealltа sula greadtar*

*uibheacha, fuidrimh, uachtar; ná téigh thar uascainníocht an bhabhla/crúiscín; ná déan an iomarca meascaidh ar chomhábhair; gear bianna soladacha ina smutáin níos lú agus cothrom mhéide sula gcuirtear isteach iad; meascann comhábhair ar an mbealach is fearr má chuirtear isteach iad le leacht; scríob síos taobhanna an bhabhla /crúiscín ag eatraimh chothroma; seachain an mótar a fhorthiomáint; fuaraigh bianna / leachtanna sula gcuirtear isteach iad; úsáid tonnadóir / fánán le bianna a chur isteach; úsáid sáiteoir plaisteach chun bianna a bhrú síos; cinntigh go gclúdaíonn bia na lanna; má bhíonn bia greamaithe, cas as an próiseálaí bia sula ndéanann tú iarracht é a bhaint de; úsáid le lámha tirime; ná fág é gan duine ina bhun; ná déan an mótar a thumadh in uisce riamh; glan i ndiaidh úsáid; agus ar eile.*

**Mias roghnaithe – ní mór úsáid an phróiseálaí bia a thaispeáint**
**1 mhias @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)

**Measúnúchán (a)** lena cur i bhfeidhm agus **(b)** leis na buntáistí agus / nó na míbhuntáistí a bhaineann le húsáid phróiseálaí bia

**Tasc 4**

| |
|---|
| *Má dhéantar bia a reo, cuirtear fad le seilfré an bhia agus, dá bharr sin, laghdaítear an cur amú agus cuirtear le hinbhuanaitheacht bia.* (*stopfoodwaste.ie*)<br>Déan taighde ar réimse na mbianna agus na dtáirgí reoite atá ar fáil do thomhaltóirí faoi láthair.<br>Agus tú ag tagairt don reo sa bhaile:<br>• sainaithin réimse de mhiasa príomhchúrsa, de mhilseoga agus de tháirgí bácáilte a bheadh oiriúnach le reo sa bhaile<br>• pléigh na treoirlínte atá le leanúint nuair a bhíonn tú ag reo<br>• mínigh na bunphrionsabail a bhaineann le bianna a reo<br>• déan cur síos ar réimse d'ábhair phacáistithe atá oiriúnach don reo sa bhaile agus ar an eolas is gá a chur ar an lipéad.<br>Ullmhaigh, cócaráil, pacáistigh agus lipéadaigh lena reo, mias phríomhchúrsa nó milseog nó táirge bácáilte a ndearna tú taighde air.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** lena phraiticiúla atá sé miasa nó táirgí a dhéantar sa bhaile a reo. 2024 |

**Príomhriachtanais an taisc:**

- *déan taighde ar réimse na mbianna agus na dtáirgí reoite atá ar fáil do thomhaltóirí faoi láthair.*
    - *sainaithin réimse de mhiasa príomhchúrsa, de mhilseoga agus de tháirgí bácáilte atá oiriúnach don reo sa bhaile*
    - *treoirlínte atá le leanúint nuair a bhíonn tú ag reo*
    - *na bunphrionsabail a bhaineann le bianna a reo*
    - *réimse d'ábhair phacáistithe atá oiriúnach don reo sa bhaile agus an t-eolas is gá a chur ar an lipéad*

➢ *mias roghnaithe*

**Fiosrúchán: Réimse na mbianna agus na dtáirgí reoite atá ar fáil faoi láthair:** *feoil; éineoil; iasc; táirgí feola & éineola; táirgí éisc; torthaí; glasraí; sceallóga / dingeacha /greamanna prátaí; pióga; béilí réamhullmhaithe; bianna cóisire; píotsaí; arán gairleoige; roghanna veigeatóracha; cácaí beaga; milseoga; uachtair reoite; meascán caoineoige; agus ar eile.*

***Réimse miasa príomhchúrsa, milseoga agus earraí bácáilte:***
*stobhach; lasáinne; pióg aoire; casaróil; curaithe; millíní feola; ratatúí; suaithfhriochtaí; pióga; píotsa; bácaí pasta; torthaí stofa; maróga torthaí; toirtíní; císte cáise; parfait; aráin; scónaí; rollaí cumhra cainéil; donnóga; cístí; muifíní; cístíní cupa; brioscaí; agus ar eile.*

**Treoirlínte le leanúint nuair a bhíonn tú ag reo**
*Bánaigh glasraí roimh reo; cinntigh go bhfuil an reoiteoir ag an teocht ceart; clúdaigh agus séalaigh bianna go dlúth; roghnaigh ábhair pacáistithe oiriúnach; bain amach aer; ceadaigh spás os a gcionn i gcoimeádáin; úsáid coimeádáin ar féidir iad a shéalú; lipéadaigh coimeádáin i gceart; nigh agus bosaíl go tirim torthaí agus glasraí; déan reo oscailte ar chaora; bain craicne trátaí roimh reo; fuaraigh táirgí bácáilte roimh reo; slisnigh arán roimh reo; seachain miasa ina bhfuil a lán táirgí déiríochta a reo; reoigh bia i sciartha aonair; línéáil coimeádáin le párpháipéar; reoigh bianna go tapa ag úsáid mear-reo; seachain anraithí le stáirse a reo (rís / pasta / prátaí); ná cuir bianna te sa reoiteoir; ná déan amh-bianna a athreo; agus ar eile.*

**Bunphrionsabail a bhaineann le reo:** ***teochtaí ísle de -25ºC nó níos ísle*** *díghníomhaíonn fás miocrorgánach;* ***uisce athraithe go oighear,*** *miocrorgánaigh díghníomhaithe; teochtaí arda a úsáidtear chun glasraí a bhánú díghníomhaíonn siad miocrorgánaigh agus einsímí; bianna clúdaithe i gceart roimh reo a choscann athiontráil na miocrorgánach; cuidíonn mear-reo le dath, blas, uigeacht agus luach cothaitheach; agus ar eile.*

**Réimse d'ábhair phacáistithe atá oiriúnach don reo sa bhaile:**
*Crapchlúdach láidir plaisteach; málaí reoiteora láidre plaisteacha ar féidir iad a shéalú; coimeádáin láidre plaisteacha ar féidir iad a shéalú; scragall alúmanaim; coimeádáin alúmanaim; cartáin chiartha; coimeádáin ghloine / prócaí maisiúin; coimeádáin chruach dhosmálta; agus ar eile.*
***Lipéadú****: ainm an bhia/na méise, an dáta reoite; agus ar eile.* ***mura mbíonn aon phacáistiú / lipéadú san fhiosrúchán -3 mharc***

**Miasa roghnaithe – mias roghnaithe ón taighde 1 mhias @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)
**Measúnúchán:(a)** lena cur i bhfeidhm agus **(b)** leis an infheidhmitheacht a bhaineann le miasa agus táirgí baile a reo – *ceisteanna acmhainní .i. am, scileanna, fearas, pacáistiú, spás stórála, agus ar eile.*

**Tasc 5**

| |
|---|
| *Tá a lán airíonna cócaireachta ag carbaihiodráití sa tslí gur féidir réimse leathan de mhiasa éagsúla a chruthú leo.*<br>Sainmhínigh Geilitíniú.<br>Sainaithin réimse de mhiasa (milis agus neamh-mhilis) a léiríonn an geilitíniú agus mínigh an bunphrionsabal atá i gceist ann.<br>Fiosraigh cur i bhfeidhm an gheilitínithe i ndéantús réimse de mhiasa (milis agus neamh-mhilis) agus déan cur síos air.<br>Ullmhaigh, cócaráil agus riar mias amháin (milis nó neamh-mhilis) a d'fhiosraigh tú.<br>Déan an tasc a mheasúnú i dtaca **(a)** lena chur i bhfeidhm agus **(b)** le cé chomh maith agus a d'éirigh leat an airí an gheilitínithe a chur i bhfeidhm sa mhias roghnaithe. 2024 |

**Príomhriachtanais an taisc:**

*- Sainmhíniú ar Gheilitíniú.*
*- Sainaithin réimse de mhiasa (milis agus neamh-mhilis) a léiríonn an geilitíniú agus mínigh an bunphrionsabal atá i gceist ann.*
*- Fiosraigh cur i bhfeidhm an gheilitínithe i ndéanamh réimse de mhiasa (milis agus neamh-mhilis) agus déan cur síos air.*

- *mias roghnaithe*

**Fiosrúchán**
**Sainmhíniú ar Gheilitíniú:** *an próiseas ina bhfoirmíonn gráinní stáirse fuaidreán in uisce fuar; nuair a mheasctar iad le leacht agus déantar iad a théamh, déanann na gráinní stáirse borradh agus pléascadh agus ionsuíonn siad maothas; tiubhaíonn an leacht dá bharr; foirmíonn glóthán; agus ar eile.*
**Réimse de mhiasa (milis agus neamh-mhilis) a léiríonn an Geilitíniú:**
**Miasa milse:** *pióg meireang líomóide; éadromóga; toirtíní torthaí; maróg rise; toirtíní custaird (déanta le púdar custaird); pancóga; cúróga bácáilte; miasa taosrán milse; agus ar eile.* **Miasa neamh-mhilis:** *anraithí; stobhaigh; curaithe; lasáinne; bácaí pasta; pióg iascaire; sicín milis searbh; puthphióga; rollóga ispíní; rís neamh-mhilis; agus ar eile.*

**An bunphrionsabal a bhaineann le Geilitíniú agus cur i bhfeidhm an gheilitínithe i ndéanamh réimse de mhiasa milis agus neamh-mhilis**

**Teas tais:** *tá airíonna cumhachtacha tiúchana ag an polaisiúicríd, stáirse; trí chéim geilitínithe ag úsáid stáirse - téamh an stáirse; stáirse ag ionsú an leachta; stáirse ag tiúchan an leachta; measctar gráinní stáirse le leacht fuar a chabhraíonn leis na gráinní stáirse scaradh d'fhonn foirmiú cnapanna a laghdú; déantar an stáirse agus an leacht a théamh ar dtús go teocht idir 55-70$^{o}$C; nuair a dhéantar an leacht a théamh, bristear síos na naisc hidrigine, a choimeádann an stáirse le chéile, agus ligtear d'uisce dul isteach sna móilíní stáirse; cuirtear borradh ar na gráinní stáirse agus pléascann siad agus tiubhaíonn an leacht dá bharr; méadaíonn slaodacht, cruthaítear tuaslagán ar nós leafaois; éiríonn an meascán níos vioscósaí nuair a mhéadaíonn an teocht; agus fuarú ar siúl, foirmítear naisc hidrigine agus tiubhaíonn an meascán, éiríonn sé téachta agus teann dá bharr; iompaíonn sé ina*

*ghlóthán ag beagnach 38$^{o}$C; cruthóidh teochtaí níos mó ná 85$^{o}$C sol, is tuaslagán é an sol ina mbíonn cáithníní nach dtuaslagann ach a bhíonn scaipthe go cothrom ar fud an leachta; tá cumas tiúchan níos mó ag roinnt stáirsí m.sh. gránphlúr; laghdaíonn an iomarca siúcra cumas an stáirse geilitíniú; bíonn tionchar ag aigéid ar chumas stáirse geilitíniú; cuir isteach aigéad nuair a tharlaíonn geilitíniú; cuireann salann an geilitíniú chun cinn; téann an méid saille i bhfeidhm ar airíonna tiúchana an stáirse; agus ar eile.*

**Teas Tirim:** *nuair a dhéantar gráinní stáirse a théamh cuirfear borradh orthu, pléascfaidh siad agus déanfaidh siad aon mhaothas (saill leachtach) atá ann a ionsú; úsáidtear chun taosrán agus grán rósta a dhéanamh; agus ar eile.*

**Miasa roghnaithe – mias atá milis nó neamh-mhilis a léiríonn an geilitíniú**
**1 mhias @ 4 mharc** (grádaithe 4:2:0)
**Measúnúchán: (a)** lena cur i bhfeidhm agus **(b)** ag éirí leat airí an gheilitínithe a chur i bhfeidhm ar an mias roghnaithe

## *Aguisín 1*

Treoracha Ginearálta do scrúdaitheoirí maidir le bronnadh marcanna

1. Riachtanais an scrúdaithe:
   Tá sé de cheangal ar iarrthóirí taifead ar aon ***cheithre*** thasc a chur i gcrích agus a chur i láthair lena scrúdú. **2 thasc i gcomhair 2024 de bharr coigeartuithe**

2. Caithfidh gníomhaíochtaí praiticiúla éagsúla a bheith i ngach tasc sa Staidéar Bia. ***Má dhéanann iarrthóir gníomhaíocht phraiticiúil in athuair don dara tasc***, marcálfaidh an scrúdaitheoir an ghníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta mar a chuirtear i láthair í agus dícheadóidh sé/sí na marcanna a bhronntar as an ngníomhaíocht phraiticiúil athdhéanta is ísle marc.

3. ***Má chríochnaíonn iarrthóir an fiosrúchán agus/nó an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an cur i bhfeidhm,*** marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar na marcanna as ***measúnú an chur i bhfeidhm***, áfach, áit a dtugtar faoi sin.
   Maidir leis na Tascanna 3, 4 agus 5, dícheadófar ***measúnú ar shainriachtanais*** freisin.

4. ***Má chríochnaíonn iarrthóir an t-ullmhúchán agus an phleanáil agus/nó an cur i bhfeidhm agus/nó gnéithe an mheasúnaithe de thasc ach mura gcríochnaíonn sé/sí an fiosrúchán***, marcálfaidh an scrúdaitheoir na gnéithe críochnaithe den tasc mar a chuirtear i láthair iad. Dícheadófar marcanna as ***measúnú ar shainriachtanais an taisc***, áfach, áit a dtugtar faoi sin.

5. ***Mura sainítear an mhias/táirge a ullmhaíodh san fhiosrúchán,*** ach má chomhlíonann sé riachtanais an taisc, bain an marc ábhartha a bhronntar (-1/-2/-4) faoi bhéilí/miasa/táirgí san fhiosrúchán.

6. Mura léiríonn an mhias roghnaithe ach ***beagán scileanna próiseála*** – marc *pro rata*.

7. ***Mura bhfuil an mhias roghnaithe ag teacht go hiomlán*** leis na riachtanais, e.g.

- Mias ***gan chócaráil*** roghnaithe nuair a sonraíodh mias chócaráilte Tasc 1,2,3,4,5
- Mias ***nach bhfuil oiriúnach do riachtanais an taisc*** – *Tasc 1,2,4*
- ***An modh a fiosraíodh gan a bheith in úsáid agus an mhias roghnaithe á déanamh*** – *Tasc 3, 5*
- Mias roghnaithe ina mbaintear ***ró-úsáid as bianna áise***

***Bain 8 marc ón marc iomlán a bronnadh as an tasc agus cuir isteach míniúchán mar a léirítear thuas.***

8. ***Mias nach gcomhlíonann riachtanais an taisc,*** e.g. milseog a ullmhaíodh in áit príomhchúrsa; ní bhronnfar marc ar bith.

   **N.B.** *Caithfidh scrúdaitheoirí dul i gcomhairle le scrúdaitheoirí comhairleacha agus suíomh ar leith á chur i bhfeidhm acu.*